Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10119/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0171 (COD)**

**TRANS 219**
**MAR 79**
**IA 131**
**CODEC 1014**
**OMI 48**
**DROIPEN 82**
**ENV 620**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 273 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 273 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 273 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.6.2023
COM(2023) 273 final

2023/0171 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 209 final} - {SWD(2023) 159 final} - {SWD(2023) 164 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí leis an togra

Baineann an togra seo le modhnú ar Threoir 2005/35/CE[1] maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar chionta truaillithe a thabhairt isteach arna leasú le Treoir 2009/123/CE[2].

Forbraíodh na beartais maidir le truailliú ó longa a chosc idir 2000 agus 2009, i ndiaidh dhá mhórthimpiste mhuirí a bhain leis na longa *Erika* agus *Prestige,* arbh chúis iad le doirteadh substaintiúil ola[3]. Le Treoir 2005/35/CE (dá ngairtear 'Treoir SSP' nó 'Treoir anseo feasta) rialaítear pionóis as sceitheadh neamhdhleathach ola agus substaintí leachtacha díobhálacha ó longa ar muir. Ní gá an dramhaíl go léir a ghintear ar longa a sheachadadh chuig calafoirt. Is féidir cuid di a sceitheamh ar muir. Is éard is sceitheadh neamhdhleathach ann ná sceitheamh ó long nach gcomhlíonann rialacha ábhartha na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), i.e. na caighdeáin atá leagtha síos sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol 73/78).

Is é príomhchuspóir na Treorach na caighdeáin idirnáisiúnta sin a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh na daoine atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillithe faoi réir pionóis athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun an mhuirthimpeallacht a chosaint ar thruailliú ó longa.

Leagtar amach leis an Treoir córas forfheidhmiúcháin i gcás ina gcuirfear pionóis ar na daoine atá freagrach as sáruithe mar thoradh ar ghníomhaíochtaí faireacháin agus fíorúcháin arna ndéanamh ag na Ballstáit. Baineann trí ghné leis an bpróiseas: ar an gcéad dul síos, braitear scaoileadh féideartha ó long le huirlisí faireachais; ar an dara dul síos, cinneann an t-údarás inniúil an seolfaidh sé bád nó aerárthach lena sheiceáil ar an láthair an féidir an truailliú a dheimhniú; ar an tríú dul síos, bailítear fianaise agus, má aimsítear an ciontóir, gearrfar pionós air. Tionscnaíonn pionóis a fhorchur as cionta truaillithe ó longa sa dlí idirnáisiúnta. Sonraítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), i measc nithe eile, go bhféadfaidh Stát pionóis a ghearradh as truailliú a dhéanann soitheach eachtrach i gcás mórdhíobhála don Stát cósta nó i gcás inar thug an Stát brataí atá i gceist neamhaird arís agus arís eile ar a oibleagáidí forfheidhmiúcháin. Ceanglaítear ar Stáit brataí an Aontais pionóis a fhorchur freisin i gcomhréir le UNCLOS ar a longa má scaoileann siad substaintí truaillithe go neamhdhleathach isteach san fharraige laistigh nó lasmuigh den Aontas.

Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, athdhearbhaítear uaillmhian an Choimisiúin a dhaonra a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol, rud a réitíonn an bealach do phláinéid shláintiúil do gach duine. Tá an togra seo ar cheann de thionscnaimh an Aontais atá dírithe ar thruailliú ó iompar muirí ina chuid farraigí a laghdú agus tá sé i

---

1 IO L 255, 30.9.2005, lch. 11
2 IO L 280, 27.10.2009, lch. 52.
3 Timpiste MV Erika in 1999, an Fhrainc (20,000 tona ola), timpiste MV Prestige in 2002, an Spáinn (63,000 tona ola).

gcomhréir leis an straitéis um shoghluaisteachta chliste agus inbhuanaithe[4] agus leis an bplean gníomhaíochta maidir le truailliú nialasach[5].

Rinne an Coimisiún an chéad mheastóireacht ex post ar an Treoir in 2022 agus fuair sé gur éirigh leis cur leis na rialacha idirnáisiúnta maidir le truailliú ó longa a ionchorprú i ndlí na mBallstát agus gur cuireadh feabhas léi ar bhrath an truaillithe ó longa. Go sonrach, ba leis an Treoir a spreagadh cruthú sheirbhís CleanSeaNet - seirbhís faireacháin doirte ola agus braite soithí satailítbhunaithe de chuid an Aontais atá á bainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA).

Sainaithníodh roinnt easnamh sa mheastóireacht, áfach: (1) ní chumhdaítear le raon feidhme reatha na Treorach gach substaint truaillithe ábhartha den chóras idirnáisiúnta e.g. bruscar nó sceitheadh camrais isteach san fharraige; (2) tá malartú faisnéise agus/nó saineolas chun truailliú ó longa a bhrath, a fhíorú agus pionós a ghearradh ina leith go héifeachtach mírialta ar fud Bhallstáit AE gus níl siad leordhóthanach go ginearálta; (3) tá éifeacht athchomhairleach éagothrom ag na pionóis a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair ar fud an Aontais maidir le truailliú ó longa; (4) tá an tuairisciú reatha ó na Ballstáit neamhiomlán agus is é a bheidh mar thoradh air sin le himeacht ama easpa faisnéis mhionsonraithe maidir le truailliú ó longa agus na pionóis ghaolmhara arna bhforchur ar fud an Aontais.

De bharr si, ní aimsítear na ciontóirí a scaoileann substaintí truaillithe go neamhdhleathach i gcónaí, agus is annamh a ghearrtar pionós orthu. Ar an gcúis sin, ullmhaíodh togra chun Treoir 2005/35/CE a leasú. Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an athbhreithnithe: (1) caighdeáin idirnáisiúnta a ionchorprú i ndlí an Aontai tríd an Treoir a ailíniú le hIarscríbhinní Marpol maidir le sceitheadh isteach san fharraige; (2) tacú leis na Ballstáit trí fhorbairt a dhéanamh ar a gcumas teagmhais truaillithe a bhrath, fianaise a fhíorú agus a bhailiú agus pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí aitheanta ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe; (3) a áirithiú go mbeidh daoine (daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha) atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach ó longa faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha; agus (4) tuairisciú simplithe éifeachtach maidir le teagmhais truaillithe ó longa agus gníomhaíochtaí leantacha a áirithiú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá dlúthcheangal le Treoir (AE) 2019/833[6] maidir le saoráidí glactha calafoirt (PRF) chun dramhaíl ó longa a sheachadadh. Le Treoir (AE) 2019/883, tugadh isteach rialacha níos láidre agus faireachán níos fearr ar sheachadadh dramhaíola long ag calafoirt. Bhí acmhainn níos fearr i gcalafoirt chun dramhaíl a fháil ó longa agus níos lú dramhaíola arna sceitheadh ar muir mar thoradh air sin. Mar sin féin, féadfaidh roinnt long a chinneadh fós dramhaíl a sceitheadh go neamhdhleathach ar muir, ionas nach mbeidh orthu íoc as na saoráidí glactha calafoirt, go háirithe ós rud é nach gcumhdaítear na substaintí céanna le Treoir 2005/35/CE maidir le sceitheadh neamhdhleathach (dá bhrí sin ní fhéadfaí pionós a ghearradh orthu faoi Threoir 2005/35/CE). Ba é sin é an fáth, tráth a glacadh Treoir 2019/883, gur iarr na comhreachtóirí go ndéanfaí athbhreithniú ar Threoir 2005/35/CE chun an raon feidhme a chur ar aon dul le Treoir (AE) 2019/883 agus na pionóis a dhéanamh comhréireach. Go sonrach, ba cheart longa a dhíspreagadh ó shárú a dhéanamh ar dhlí an Aontais trí chóras láidir pionós atá comhréireach agus éifeachtach i gcomhar le réitigh um bailiú dramhaíola a thairgtear i gcalafoirt an Aontais. Áirithítear leis an dá Threoir sin go comhpháirteach go gcomhlíonann an tAontas agus a Bhallstáit a n-obleagáidí maidir le truailliú ó longa faoi Marpol 73/78.

---

4 COM(2020) 789 final
5 COM(2021) 400 final
6 IO L xxxx.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe raon feidhme Threoir 2005/35/CE[7] a ailíniú le raon feidhme Threoir 2019/883/CE chun feabhas a chur ar chosc ar thruailliú don mhuirthimpeallacht san Eoraip.

Tá an togra comhsheasmhach le Treoir 2009/16/CE[8] maidir le rialú Stáit ar chalafoirt, le Treoir 2009/18/CE[9] maidir le himscrúdú ar thionóiscí muirí agus le Treoir 2009/21/CE[10] maidir le ceanglais Stát brataí. Tá na trí Threoir de chuid an Aontais maidir le sábháilteacht mhuirí bunaithe ar na rialacha agus na caighdeáin arna mbunú ag an IMO ar an leibhéal idirnáisiúnta agus comhlánaíonn siad a chéile agus comhlánaíonn siad an Treoir seo. Leis an Treoir maidir le Stáit bhrataí, leagtar síos rialacha maidir le cigireachtaí loinge agus maoirseacht cabhlaigh do riaracháin Stáit brataí an Aontais atá ábhartha chun cosc a chur ar thruailliú na muirthimpeallachta laistigh agus lasmuigh den Aontas. Nuair a thagann rialacha comhshaoil níos láidre i bhfeidhm faoi na coinbhinsiúin idirnáisiúnta, leathnaítear freagracht an Stáit brataí iad a fhorfheidhmiú go huathoibríoch. Tá an Treoir maidir le rialú Stáit ar chalafoirt ábhartha anseo freisin toisc go dtacaíonn sí, trí na cigireachtaí riachtanacha, le heaspa comhlíontachta a bhrath agus a cheartú, ní hamháin maidir le sábháilteacht ach freisin maidir le rialacha agus caighdeáin i ndáil le truailliú a chosc. Maidir le timpistí muirí, ní hamháin go mbíonn taismigh agus caillteanais eacnamaíocha mar thoradh orthu ach d'fhéadfadh tionchar díreach a bheith acu ar an gcomhshaol, e.g. truailliú ola, agus is é sin an chúis leis an nasc leis an Treoir SSP lena dtugtar aghaidh ar thruailliú den sórt sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Treoir athbhreithnithe ina chomhlánú le Treoir (AE) 2023/xxxx[11] maidir le coireacht comhshaoil. Le Treoir (AE) 2023/xxxx, tugadh isteach smachtbhannaí coiriúla i leith cionta tromchúiseacha comhshaoil lena n-áirítear cionta maidir le sceitheadh neamhdhleathach ó longa. Dá bhrí sin, ní gá na forálacha coiriúla i dTreoir 2005/35/CE a thuilleadh, óir déantar foráiltear i leith pionóis choiriúla maidir le cionta truaillithe ó longa le Treoir (AE) 2023/xxxx. Dá bhrí sin, baintear forálacha coiriúla Airteagail 5 agus 8 de Threoir 2005/35/CE. Áirítear forálacha earnála maidir leis na hoibleagáidí agus na toirmisc ábhartha (e.g. an sainmhíniú ar sceitheadh neamhdhleathach) i dTreoir 2005/35/CE fós agus déantar foráil inti i leith pionóis riaracháin ar thruailliú ó longa i gcás nach gcáileoidh an gníomh le haghaidh imeachtaí coiriúla. Chun éifeachtacht na n-iarrachtaí náisiúnta forfheidhmiúcháin a áirithiú, ní mór féachaint ar na córais forfheidhmiúchain riaracháin agus choiriúla mar chodanna idirnasctha de chóras amháin agus ba cheart go mbeadh siad ann le chéile.

Is í Treoir 2008/56/CE[12] maidir leis an gcreat um straitéise mhuirí príomhionstraim dlí an Aontais maidir leis an muirthimpeallacht, a speicis agus a gnáthóga a chosaint agus a chaomhnú. Cumhdaítear leis an gcur chuige éiceachórais maidir le gníomhaíochtaí daonna a bhainistiú (lena n-áirítear iascaireacht, turasóireacht, caitheamh aimsire) a imríonn tionchar ar an muirthimpeallacht. Le Treoir 2005/35/CE, cuirtear le cuspóirí Threoir 2008/56/CE trí phionóis athchomhairleacha a thabhairt isteach maidir le sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillithe ó longa ar fud na bhfarraigí san Eoraip.

---

7 Ní chumhdaítear Iarscríbhinn III faoi Threoir (AE) 2019/883 toisc nach dramhaíl iad earraí pacáistithe. Tá sé beartaithe, áfach, Iarscríbhinn III a chumhdach faoi Threoir 2005/35/CE toisc nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh sé go gcuirfí earraí pacáistithe san fharraige go neamhdhleathach, agus sa chás sin ba cheart go mbeadh feidhm ag Treoir 2005/35/CE.

8 IO L 131, 28.5.2009, lch 57

9 IO L 131, 28.5.2009, lch 114

10 IO L 131, 28.5.2009, lch. 11

11 IO L 328, 6.12.2008, lch. 28.

12 IO L 164, 25.6.2008 19.

Tacaíonn an togra freisin le tograí deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, go háirithe na tograí maidir le dul i ngleic le truailliú, go háirithe Togra 2.7 maidir le 'truailliú aigéin a chomhrac, lena n-áirítear trí […] loingseoireacht atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil […]'. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, arb é SFI 14 ('Na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inmharthana ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe') an ceann is mó bainteach leis an togra seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Le Teideal VI (Airteagail 90-100) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), suítear saincheart an Aontais maidir le forálacha a dhéanamh maidir leis an gcomhbheartas iompair, lena dtugtar an ceart don Aontas gníomhú maidir le truailliú ó longa. De réir Airteagal 100(2) CFAE, féadfaidh reachtóir an Aontais forálacha iomchuí a leagan síos maidir le hiompar ar muir. Foráiltear le hAirteagal 91(1)(a) CFAE go bhfuil inniúlacht ag an Aontas i réimse an iompair chun comhrialacha is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta a leagan síos. I bhfianaise an méid sin, bheadh an Treoir athbhreithnithe bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE.

### • Coimhdeacht

Bíonn damáiste lena mbaineann impleachtaí trasteorann mar thoradh ar thruailliú ó longa de ghnáth. De bharr an tionchair trasteorann rialta a bhíonn ag truailliú muirí agus de bharr go ngníomhaíonn déantóirí coire thar theorainneacha, ní leor gníomhaíocht na mBallstát leo féin chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin. Cuireann éagsúlachtaí sa chur chuige náisiúnta maidir leis an ábhar sin bac ar chomhar éifeachtúil idir na Ballstáit agus is féidir le ciontóirí pionóis a sheachaint mar gheall orthu.

Ós rud é go bhfuil Marpol 73/78 daingnithe ag na Ballstáit go léir, d'fhéadfaidís caighdeáin idirnáisiúnta a ionchorprú maidir le truailliú ó longa a chosc as a stuaim féin. Leis an Treoir déantar an córas idirnáisiúnta a thrasuí agus a chomhlánú, áfach, trí: (1) cuidiú leis na Ballstáit na ciontóirí a shainaithint trí fhaisnéis faireachais satailíte a sholáthar maidir le doirteadh féideartha ola; agus (2) córas dliteanais a sholáthar lena n-éascaítear pionósú truaillitheoirí. Is é an breisluach leis an togra seo go gcomhlánófar leis an creat idirnáisiúnta leis an gcóras dliteanais (tríd an gcóras atá ann cheana a shoiléiriú) agus le faisnéis níos fearr do na Ballstáit (a bhuí le faireachas feabhsaithe lena gcumdaítear níos mó cineálacha truailleán agus malartú faisnéise bunaithe ar uirlisí digiteacha an Aontais). Aidhm eile atá ag an athbhreithniú is ea forálacha nua a thabhairt isteach maidir le pionóis gan dul i gcion ar Threoir (AE) 2023/xxxx. Ní féidir na spriocanna sin a bhaint amach agus na Ballstát ag gníomhú astu féin. Tá gá le creat dlíthiúil comhchuibhithe agus uirlisí digiteacha comhchoiteanna. Mar shampla, is luach maith é an faireachas satailíte a sholáthraíonn CleanSeaNet mar gheall ar bharainneachtaí scála. Bheadh beart ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí ná gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta mar gheall ar a éifeacht iombhagartha níos láidre ar dhéantóirí coire a ghníomhaíonn thar theorainneacha.

### • Comhréireacht

Ullmhaíodh an togra i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí ar an réimse idirnáisiúnta agus thorthaí na meastóireachta ex-post. Rinne an Coimisiún measúnú tionchair freisin chun bealaí malartacha chun na cuspóirí céanna a bhaint amach a shainaithint agus a mheas.

Is é is aidhm don leathnú atá beartaithe ar raon feidhme na Treorach chun gach Iarscríbhinn de chuid Marpol 73/78 a chumhdach (i.e. gach substaint a chumhdaítear le Marpol 73/78 agus a sceitheann longa go neamhdhleathach isteach san fharraige) cosc níos fearr a chur ar thruailliú sa mhuirthimpeallacht agus chun í a ailíniú le raon feidhme Threoir 2019/883/CE. Tá forfheidhmiú Threoir (AE) 2019/883, in éineacht le Treoir 2005/35/CE, ina phríomhchuid de bhearta maidir le truailliú ó longa a chosc. Ina theannta sin, dírítear sa togra ar thacaíocht theicniúil a thabhairt do na Ballstáit trí ardáin oiliúna, treoraíocht, malartuithe dea-chleachtais agus trí úsáid uirlisí digiteacha an Aontais chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú a chur chun cinn. Ní leagtar amach sa togra cur chuige rialála dian maidir le leibhéil na bpionós nó mórsprioc éigeantach do ghníomhaíochtaí fíorúcháin na mBallstát. Ina ionad sin, téitear i ngleic leis leis an bhfadhb ar bhealach comhréireach trí fhaisnéis níos fearr maidir le doirteadh féideartha a sholáthar ó sheirbhís lárnach chostéifeachtach agus faisnéis a roinnt chun na gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh níos spriocdhírithe, ionas nach rachadh sé níos faide ná an méid is gá chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach. Braitheann an togra freisin ar shoiléiriú ar an gcóras dliteanais atá ann cheana, ar fhorálacha níos mionsonraithe maidir le leibhéal agus cineál na bpionós a chinneadh d'fhonn go n-éireoidh le pionós a chur ar thruaillitheoirí as níos mó cineálacha substaintí truaillithe. Ní mholtar aon fhorálacha mionsonraithe i réimsí ina bhféadfaí na cuspóirí a bhaint amach ar bhealach níos fearr trí bheart i réimsí beartais eile.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go mbaineann na leasuithe le Treoir 2005/35/CE amháin, is é Treoir leasaitheach an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí an Treoir faoi réir meastóireachta ex post 'as a chéile' (i.e. seoladh an mheastóireacht agus an measúnú tionchair ag an am céanna). Ní raibh na sonraí a bhí ar fáil don mheastóireacht láidir go leor chun measúnú ex-post iomlán a dhéanamh do na Ballstáit uile. Ní raibh sonraí ionadaíocha ar fáil chun na táscairí ábhartha a thomhas, e.g. cion na dteagmhas truaillithe arna shainaithint de shubstaintí de chineál Marpol 73/78 Iarscríbhinn I agus II atá faoi réir pionós. In ainneoin na dteorainneacha, tugtar léargas sa mheastóireacht ar an bhfaisnéis atá ann cheana maidir le cur chun feidhme na Treorach.

Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht nár baineadh cuspóirí na Treorach amach go hiomlán agus go bhfuil raon feidhme na substaintí truaillithe a chumhdaítear leis an Treoir róchúng. Leagadh amach sa Treoir comhchreat dlíthiúil maidir le cionta truaillithe ó longa san Aontas, ach bhí a éifeachtúlacht teoranta. Comhtháthaíodh léi rialacha Marpol 73/78 i ndlí an Aontais agus áirithíodh léi go bhfuil reachtaíocht na mBallstát ailínithe freisin, ach tá easpa sonraí ann lena gcainníochtaítear an ról a bhí ag an Treoir sa chleachtas. Bhí uirlis rathúil faireachais satailíte le haghaidh faireacháin ar thruailliú ola mar thoradh ar an Treoir - an tseirbhís CleanSeaNet. Ní réitítear an fhadhb maidir leis na truaillitheoirí a aimsiú go hiomlán leis sin, áfach, toisc go bhfuil cruinneas faireachais satailíte teoranta go dtí seo. D'fhéadfaí roinnt gnéithe fíorúcháin a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Mar shampla, ní fhíoraítear go leor doirteadh ar an láthair agus d'fhéad na Ballstáit níos mó sonraí aiseolais a logáil in CleanSeaNet. Níl an toradh a bhfuiltear ag súil leis ar ionchúiseamh ciontóirí bainte amach go

hiomlán leis an Treoir. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin go bhfuil gá le níos mó soiléirithe maidir leis an gcóras dliteanais atá ann cheana agus níos mó sonraí maidir le leibhéal agus cineál na bpionós sa Treoir. Ba é an phríomhchonclúid sa mheastóireacht, áfach, an gá le raon feidhme na Treorach a leathnú chun raon iomlán an sceite substaintí truaillithe isteach san fharraige a rialaítear faoi Marpol 73/78 a chumhdach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Áiríodh iad seo a leanas ar na príomhghníomhaíochtaí comhairliúcháin don mheastóireacht ex post agus don mheasúnú tionchair:

- Comhairliúchán poiblí oscailte, arna eagrú ag an gCoimisiún, a bhí ar siúl ón 9 Nollaig 2021 go dtí an 3 Márta 2022. Cuireadh ceisteanna ar aghaidh sa chomhairliúchán poiblí maidir leis an measúnú tionchair agus maidir leis an meastóireacht. Bhí ionchur na bpáirtithe leasmhara íseal, agus níor chuir ach 30 freagróir freagraí isteach.

- Dhá shuirbhé spriocdhírithe ar pháirtithe leasmhara chun faisnéis shonrach a bhailiú, suirbhé amháin don mheastóireacht agus suirbhé amháin don mheasúnú tionchair, a d'eagraigh an sainchomhairleoir a bhí i gceannas ar an staidéar tacaíochta seachtraí, a bhí ar siúl, faoi seach, ó mhí na Nollag 2021 go mí Feabhra 2022 agus ó mhí an Mheithimh go mí Iúil 2022.

- Trí bhabhta agallamh, a bhí ar siúl ó am go chéile idir Samhain 2021 agus Meán Fómhair 2022, le hionadaithe ó phríomhpháirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais a d'eagraigh an sainchomhairleoir a bhí i gceannas ar an staidéar tacaíochta seachtraí chun iarrataí sonracha ar fhaisnéis a líonadh, chun tacú leis an meastóireacht agus chun sainmhíniú foriomlán na faidhbe agus roghanna beartais féideartha a bheachtú.

- Gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírithe breise arna n-eagrú ag an gCoimisiún chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le bearta beartais féideartha agus torthaí an mheasúnaithe tionchair. Rinneadh na gníomhaíochtaí sin le linn cruinniú de Choiste an Aontais Eorpaigh um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (2 Meitheamh 2022), cruinnithe Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe (18 Bealtaine 2022 agus 18 Eanáir 2023) agus a fhoghrúpa: Dramhaíl ó Longa (22 Márta 2022, 4 Meitheamh 2022 agus 14 Feabhra 2023), ó Stiúrthóirí Iompair Mhuirí an Aontais/LEE (3 Deireadh Fómhair 2022) agus ó Líonra Imscrúdaitheoirí agus Ionchúisitheoirí na Mara Thuaidh (25 Aibreán 2022). Eagraíodh ceardlann deiridh chun conclúidí an staidéir tacaíochta ar fhreastail na Ballstáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ionadaithe tionscail air a bhailíochtú an 22 Meán Fómhair 2022.

Bhí an fhaisnéis a bailíodh ó pháirtithe leasmhara ríthábhachtach chun go bhféadfadh an Coimisiún na roghanna beartais a bheachtú agus a dtionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a mheasúnú, agus ansin iad a chur i gcomparáid lena chéile agus an rogha ab fhearr a roghnú. Comhlánaíodh le torthaí na bpróiseas sin an taighde deisce a rinneadh mar chuid den staidéar tacaíochta seachtraí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tógann an t-athbhreithniú seo go príomha ar na sonraí a bailíodh le linn na meastóireachta ex post. Bhailigh an Coimisiún comhairle theicniúil fhorleathan ó staidéir saineolaithe éagsúla lena n-áirítear staidéar cuimsitheach ullmhúcháin maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir. Iarradh ar údaráis na mBallstát, ar pháirtithe tionscail agus ar an tsochaí shibhialta ionchur a sholáthar chun an staidéar a ullmhú.

Le hullmhú an togra seo, ba ghá ionchur a fháil ó shaineolaithe ón gCoimisiún agus ó EMSA freisin maidir le ceapadh nithiúil sainmhínithe teicniúla agus maidir le dréachtú dlíthiúil.

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra reachtach bunaithe ar mheasúnú tionchair. Rinneadh scrúdú ar thrí rogha beartais, ina gcumhdaítear bearta beartais éagsúla, i dtéarmaí a n-éifeachtachta maidir leis na cuspóirí a bhaint amach mar aon lena dtionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta. Sainaithníodh sraith beart le haghaidh gach cuspóra shonraigh. Rinneadh na bearta, a chomhlánaíonn a chéile agus nach bhfuil comheisiach, a ghrúpáil i dtrí rogha beartais. Ba é a bhí i gceist leis na trí rogha beartais ná raon feidhme Threoir 2005/35/CE a ailíniú le hIarscríbhinní Marpol 73/78 agus an sceitheadh sin san fharraige a chumhdach.

- Le rogha A tugtar an lánrogha is mó do na Ballstáit maidir le caighdeáin Marpol 73/78 a chur chun feidhme, agus leibhéal tacaíochta an Aontais a choinneáil ard go leor (oiliúint, treoir, uirlisí digiteacha, rochtain ar fhaisnéis maidir le doirteadh féideartha). Tá na Ballstáit fós freagrach as an bpobal a chur ar an eolas trí shuíomhanna gréasáin náisiúnta leis an rogha sin. Leis an rogha sin glactar cur chuige náisiúnta maidir le cineál an phionóis a chinneadh agus ní rialaítear léi leibhéal an phionóis. Go hachomair, tá níos mó inoiriúnaitheachta ann do na Ballstáit faoin rogha sin agus íosmhéid idirghabhála ón Aontas.

- Dírítear i rogha B (an rogha ab fhearr) ar an gcomhar idir na Ballstáit a neartú go príomha trí thacaíocht an Aontais a neartú (oiliúint, treoir, uirlisí digiteacha, rochtain ar fhaisnéis maidir le doirteadh féideartha). Déantar foráil léi maidir le critéir chun leibhéil na bpionós a chinneadh agus táthar ag súil go soláthrófar struchtúr léi le haghaidh comhair i measc na mBallstát agus go neartófar léi gníomhaíocht forfheidhmiúcháin na mBallstát trí thacaíocht theicniúil ó EMSA, gan mórbhearta rialála agus mórchostais nua a thabhairt isteach do na Ballstáit.

- Dírítear i rogha beartais C ar ghníomhaíocht rialála níos láidre ón Aontais chun comhar idir na Ballstáit a chomhlánú. Cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit léi 60 % ar a laghad dá bhfoláirimh CleanSeaNet a fhíorú agus tá sé measta go nginfear costais forfheidhmiúcháin níos airde. Maidir le leibhéil na bpionós, neartaítear lei go sonrach comhchuibhiú ar fud an Aontais trína gcuid luachanna a shocrú. Ar an láimh eile, soláthraítear léi an struchtúr céanna le haghaidh comhair idir na Ballstáit leis an dá rogha eile (oiliúint, treoir, uirlisí digiteacha, rochtain ar fhaisnéis maidir le doirteadh féideartha).

Is é Rogha B an rogha beartais a tugadh ar aghaidh leis an togra seo toisc go ndearnadh measúnú uirthi mar an rogha is éifeachtúla agus is comhréire. Tá bearnaí sonraí tromchúiseacha ann, áfach, ionchur íseal ó pháirtithe leasmhara agus éiginnteacht ard faoi na tionchair, go háirithe na buntáistí comhshaoil a mheastar maidir leis na trí rogha. Tá rogha B agus rogha C níos éifeachtaí ná Rogha A, go háirithe a bhuí leis na buntáistí a bhaineann le réitigh chomhchuibhithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais, i gcomparáid le cuir chuige iomadúla náisiúnta éagsúla.

D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach (ach bhí roinnt agús léi,) ar an measúnú tionchair an 27 Márta 2023. Mínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an measúnú tionchair an dóigh ar tugadh aghaidh ar thuairimí an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála sa tuarascáil.

Léiríodh i gceann de chonclúidí an mheasúnaithe tionchair na teorainneacha don mheasúnú a bhí mar thoradh ar ghanntanas sonraí. Ar an ábhar sin agus lasmuigh de thoradh an

mheasúnaithe tionchair, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí beart breise a mholadh lena n-éascófaí bailiú sonraí níos aonfhoirmí agus lena ndéanfaí foráil maidir le níos mó infheictheachta maidir leis an bhfaireachán éifeachtach arna dhéanamh ag na Ballstáit agus maidir leis an gcion gaolmhar de theagmhais truaillithe iarbhír. Comhlánófar leis an mbeart atá beartaithe na bearta sa rogha ab fhearr de réir an mheasúnaithe tionchair (Rogha B) trí fhaireachán níos fearr a dhreasú trí oibleagáid ar gach Ballstát 10 % ar a laghad de na foláirimh a sheolann CleanSeaNet gach bliain a fhíorú. Tá éifeacht bheag ag an tairseach fíorúcháin sin ar na costais (EUR 0.5 go EUR 0.8 milliún in aghaidh na bliana), toisc go bhfuil sé bainte amach cheana féin ag formhór na mBallstát, agus creideann an Coimisiún go ndreasóidh sé faireachán níos éifeachtaí ar an Treoir agus go gcuideoidh sé lena áirithiú go cuirfidh na Ballstáit go léir an Treoir chun feidhme. Ní athraítear leis an mbeart breise sin ar bhealach suntasach aicmiú na roghanna agus rogha na rogha beartais ab fhearr.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra dírithe ar éifeachtúlacht na mbeart reatha a mhéadú ós rud é gur Treoir í seo atá á forbairt ó bhí 2005 ann agus a leasaíodh in 2009 mar fhreagairt ar fhorbairtí nua, lena n-áirítear rialuithe cúirte, oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Marpol 73/78 agus athruithe ar theicneolaíochtaí. Tabharfar isteach roinnt soiléirithe agus simpliú leis an Treoir athbhreithnithe. Áirítear leis sin soiléiriú maidir leis an gcóras dliteanais atá ann cheana agus simpliú na n-oibleagáidí um thuairisciú, agus béim ar réitigh dhigiteacha.

Ní mheastar go mbeidh costais riaracháin bhreise ná costais choigeartaithe bhreise i gceist don earnáil phríobháideach ná don phobal mar thoradh ar an togra. D'fhéadfaí a bheith ag súil le níos mó pionós do longa nach gcomhlíonfaidh ceanglais Marpol 73/78. Ar an taobh dearfach den scéal, ba cheart go rachadh an chothroime iomaíochta chun tairbhe d'oibreoirí loinge atá comhlíontach. Ina theannta sin, bainfidh gnólachtaí agus go háirithe an pobal i gcoitinne tairbhe as an laghdú ar thruailliú ó longa.

Ní áirítear leis an togra ceanglais ar oibreoirí loinge agus, dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh tionchar aige ar FBManna. Ní chruthaítear oibleagáidí nua leis do ghnólachtaí agus ní bheadh tionchar acu ar a gcostais. D'fhéadfadh leathnú raon feidhme na Treorach chun substaintí breise faoi Marpol 73/78 a chumhdach a bheith ábhartha d'árthaí áineasa agus do shoithí iascaireachta, ar deighleoga den earnáil iad ina bhfuil rannpháirtíocht ard ó FBManna. Mar sin féin, ós rud é go ndírítear an leathú sin ar chaighdeáin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú, ní mór don earnáil loingseoireachta na caighdeáin sin a chomhlíonadh leis an Treoir nó gan an Treoir agus níltear ag súil le haon tionchar ar chostais do na FBManna a chomhlíonann iad. Meastar mar sin nach bhfuil an tionscnamh ábhartha do FBManna.

- **Cearta bunúsacha**

I gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, mar phríomhionstraim dlí an Aontais, cumhdaítear na cearta bunúsacha atá ag daoine ar fud an Aontais. Táthar ag súil ar an iomlán go gcosnófar leis an togra cearta bunúsacha agus saoirsí aonair ar bhealach níos fearr, go háirithe maidir le ceartas, trialacha córa, neamh-idirdhealú, cóir chomhionann do dhéantóirí coire agus prionsabal na dlíthiúlachta, agus an ceart chun pionós comhréireach agus éifeachtach. Déantar an eisceacht ó dhliteanas don chriú, do hmáistrí agus d'úinéirí a shoiléiriú tuilleadh sa togra. Neartaítear a gcosaint, dá bhrí sin, trí chomhchuibhiú níos comhtháite ar na rialacha idirnáisiúnta ina ndlíthe náisiúnta agus trí chloí ar bhealach níos fearr leis an smacht reachta agus le prionsabail na trialach córa. Déantar prionsabal an chomhionannais a choimirciú tuilleadh leis, agus cuireann sé sin le neamh-idirdhealú agus le cóir chomhionann do mharaithe. Leis na bearta lena n-áirithítear teorannú níos soiléire idir na sáruithe a thagann faoin nós imeachta coiriúil agus riaracháin, éascófar cóir chomhionann do

dhéantóirí coire ar fud an Aontais. Is é an toradh a bheidh ar an tionscnamh sin go gcloífear ar bhealach níos fearr leis an gceart chun ceartais trí fheabhas a chur ar an sainmhíniú ar shárú atá faoi réir nós imeachta riaracháin nó coiriúil. Áirithítear leis an togra freisin go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is ionann glanchostais reatha an togra agus EUR 125.8-134.7 milliún thar 2025-2050. Tá tuairisc níos mionsonraithe ar thionchar buiséid an togra tugtha sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an togra seo le haghaidh faisnéise. Tá tionchar buiséadach an togra san áireamh cheana féin sa Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Dá n-éireodh leis an Treoir ghearrfaí pionós leordhóthanach ar an duine (dlítheanach nó nádúrtha) a bheidh freagrach as truailliú na farraige chun éifeacht iombhagartha a sholáthar agus ar an dóigh sin cosc a chur ar thruailliú amach anseo. Is féidir féachaint ar phionóis as truailliú ó longa mar an beart cosanta deireanach chun truailliú a chosc agus chun an mhuirthimpeallacht agus sláinte an duine a chosaint. Soláthraítear an chéad bheart cosanta maidir le sábháilteacht mhuirí agus cosc ar thruailliú trí rialú brataí Stáit agus an dara beart cosanta trí reachtaíocht rialaithe stáit ar chalafoirt, ach d'fhéadfadh longa a bheith ina gcúis fós le truailliú na farraige trí thimpistí agus sceitheadh oibríochtúil (d'aon ghnó).

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme agus éifeachtacht an tionscnaimh seo trí líon beart agus trí shraith príomhtháscairí lena dtomhaisfear an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí sonracha a bhaint amach. Sainaithníodh socruithe leormhaithe faireacháin agus tuairiscithe sa mheasúnú tionchair. Beidh ról tábhachtach ag EMSA sa phróiseas sin, toisc go bhfuil an Ghníomhaireacht i gceannas ar chuairteanna ar na Ballstáit agus ar fhorbairt agus oibriú na n-uirlisí digiteacha le haghaidh iompar muirí - na Seirbhísí Muirí Comhtháite agus CleanSeaNet.

Féadfar an cur chun feidhme a sheiceáil trí fhaireachán a dhéanamh ma bhíonn an t-aiseolas maidir le fíorú fholáirimh CleanSeaNet á sholáthar ag na Ballstáit in am agus i dtráth agus ar mhodh éifeachtach agus má uaslódáiltear faisnéis maidir le bailiú fianaise agus imeachtaí riaracháin ar an uirlis tuairiscithe go rialta. Forbróidh an Coimisiún, le tacaíocht ó EMSA, suíomh gréasáin poiblí ina mbeidh príomhtháscairí maidir leis an ráta cur chun feidhme agus an phríomhfhaisnéis neamhrúnda maidir le teagmhais sceite neamhdhleathaigh; déanfar an suíomh gréasáin a nuashonrú go rialta le sonraí ón uirlis tuairiscithe chun an pobal a choimeád ar an eolas faoin gcur chun feidhme agus faoi na pionóis a ghearrfar. Ina theannta sin, tabharfaidh EMSA faoi thimthriallta cuairteanna ar na Ballstáit chun oibríochtaí ar an talamh

a fhíorú mar chuid de ról tacaíochta EMSA don Choimisiún[13]. Ina theannta sin, arna iarraidh sin, cuirfidh EMSA anailís chothrománach agus cúnamh teicniúil ar fáil agus tabharfaidh sé tuairisc ina leith sin don Choimisiún agus do na Ballstáit.

Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionchair na Treorach tráth nach déanaí ná 5 bliana i ndiaidh dháta trasuí na reachtaíochta. Táthar ag súil go mbeidh sonraí níos láidre agus níos ionadaíche ar fáil cheana féin chun meastóireacht iomlán a ullmhú do na Ballstáit go léir. Sa chomhthéacs sin, bheadh gá le staidéar saineolaithe chun an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le leibhéil na bpionós a mheas. Ba cheart scrúdú a dhéanamh leis an meastóireacht freisin ar na sonraí atá ar fáil maidir le tairbhí comhshaoil agus ar an bhféidearthacht an raon feidhme a leathnú chuig forbairtí nua i Marpol 73/78 agus truailliú aeir. Ina dhiaidh sin, i gcomhréir le timthriall athbhreithnithe cúig bliana EMSA ar chuairteanna ar na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún anailís rialta ar chur chun feidhme na Treorach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Níl gá le doiciméid mhíniúcháin óir go bhfuil sé mar aidhm leis an togra an córas atá ann cheana a shimpliú agus a shoiléiriú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

***Teideal na Treorach***

Leagtar amach sa teideal ábhar na Treorach ar bhealach níos cruinne tríd an eilimint a chur leis an teideal 'forfheidhmiú na gcaighdeán idirnáisiúnta'. Is é is aidhm don athrú sin a shoiléiriú nach mbaineann ábhar na Treorach le caighdeáin shubstainteacha nua a thabhairt isteach maidir le truailliú ó longa, ach go mbaineann sé le caighdeáin idirnáisiúnta a glacadh cheana a thrasuí agus a fhorfheidhmiú. Scriosadh an eilimint 'pionóis choiriúla' a leagtar amach sa teideal reatha ar mhaithe le comhleanúnachas dlíthiúil le Treoir (AE) 2023/xxxx maidir le coireacht comhshaoil.

***Airteagal 1 - Cuspóir***

Leasaítear cuspóir ginearálta na Treorach chun a shonrú go gciallaíonn pionóis leordhóthanacha, sa Treoir seo, pionóis athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha. Baineann sé sin le pionóis riaracháin. Scriosadh an eilimint 'pionóis choiriúla', atá sa Treoir reatha, ón gcuspóir ar mhaithe le comhleanúnachas dlíthiúil le Treoir (AE) 2023/xxxx maidir le coireacht comhshaoil.

***Airteagal 2 – Sainmhínithe***

Le mír 2, nuashonraítear na sainmhínithe a bhí fadhbach nó a thagraíonn do raon feidhme na Treorach atá as dáta agus tugtar sainmhíniú nua amháin isteach. Ar an gcéad dul síos, tá an sainmhíniú ar 'substaintí truaillithe' faoi mhír 2 curtha in oiriúint do raon feidhme leathnaithe na Treorach lena gcumhdaítear Marpol 73/78 Iarscríbhinn I-VI. Tugtar isteach le sainmhíniú nua faoi phointe 2a 'iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite', i.e. sceitheadh ó sciúrthóirí isteach san fharraige, mar an tsubstaint a chumhdaítear faoi raon feidhme leathnaithe na Treorach maidir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, agus na treoirlínte a d'fhorbair IMO á gcur san áireamh. Ionchorpraítear le sainmhíniú nua i bpointe 5a an

[13] Tugann EMSA cuairteanna den sórt sin faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí mar chuid dá phríomhchúraimí; dá bhrí sin, ní mheastar go dtiocfaidh aon chostais bhreise chun cinn.

sainmhíniú a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta ar 'cuideachta' sa Treoir, i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc (Cód ISM)[14], arna chur chun feidhme i ndlí an Aontais de bhua Rialachán (CE) Uimh. 336/2006[15].

***Airteagal 4 - Toirmeasc ar sceitheadh***

Leagtar amach in Airteagal 4 na toirmisc ghinearálta a chumhdaítear leis an Treoir seo. Is féidir sceitheadh neamhdhleathach a chur i leith duine nádúrtha nó duine dlítheanach agus ba cheart foráil a dhéanamh i bhforálacha náisiúnta lena gcuirtear an Treoir seo chun feidhme maidir leis na daoine sin a choinneáil cuntasach. Tá cuid de na toirmisc ón Treoir reatha (Marpol 73/78 Iarscríbhinn I-II substaintí) ina leaganacha cothrom le dáta de na cinn atá ann cheana, ach tá cuid acu ina gcinn nua (Marpol 73/78 Iarscríbhinn III-VI substaintí). Baintear an coincheap 'mionchásanna' mar thoradh ar thorthaí na meastóireachta ex-post go bhfuil fadhb ag baint leis an téarma sin agus ní dhéanann na Ballstáit é a léirmhíniú ar an mbealach céanna. Thairis sin, ní raibh an téarma sin ábhartha ach amháin maidir le pionóis choiriúla a chur i bhfeidhm ar pionóis iad nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach anois.

***Airteagal 5 - Eisceachtaí***

Leagtar amach sa togra in Airteagal 5 na heisceachtaí ó na toirmisc a shonraítear faoi Airteagal 4 i gcás ina dtarlaíonn sceitheadh san fharraige i ndiaidh damáiste do long nó dá trealamh. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin má chomhlíontar an coinníoll maidir le damáiste/trealaimh loinge. Leasaíodh an fhoráil chun an córas dliteanais atá ann faoi láthair faoi Marpol 73/78 a shoiléiriú, trí na rialacha is infheidhme a mhíniú go soiléir gan iad a athrú i gcomparáid le Treoir 2005/35/CE. Soiléirítear an coincheap 'úinéir' a úsáidtear in Marpol 73/78 tríd an gcoincheap 'cuideachta' a úsáid ina ionad sin toisc go bhféadfadh sé gurb ionann agus eintitis éagsúla é a bhainistíonn long. Dá bhrí sin, tá feidhm ag an eisceacht seo maidir le haon eagraíocht a ghlac le hoibriú na loinge, i gcomhréir leis an gCód ISM. Tá feidhm ag an bhforáil maidir le raon feidhme leathnaithe na Treorach. Scriosadh eisceachtaí maidir le cionta coiriúla (Airteagal 5a) agus a mhionsonraí breise (Airteagal 5b) ar mhaithe le comhleanúnachas dlíthiúil le Treoir (AE) 2023/xxxx maidir le coireacht comhshaoil. Baintear na tairseacha maidir le dliteanas coiriúil i leith cionta truaillithe ó longa a tugadh isteach le Treoir 2009/123/CE toisc go dtugtar aghaidh ar na tairseacha sin le Treoir (AE) 2023/xxxx anois.

***Airteagal 6 - Bearta forfheidhmiúcháin i ndáil le longa laistigh de chalafort Ballstáit***

Ní athraíonn an fhoráil i gcomparáid leis an gceann atá ann cheana. Chun cuidiú leis na Ballstáit a gcuid oibleagáidí faoi Airteagal 6 a chomhlíonadh, soláthraítear Iarscríbhinn nua a ghabhann leis an Treoir lena léirítear liosta táscach de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hamhras go bhféadfadh sceitheadh neamhdhleathach tarlú, rud a spreagann oibleagáid Stát an chalafoirt chun an teagmhas a iniúchadh.

***Airteagal 8 - Pionóis***

[14] An Cód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le Rún A.741 (18) ón Tionól an 4 Samhain 1993, arna leasú.

[15] Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta agus Fuinnimh sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE).

Leasaítear an t-airteagal mar gheall ar impleachtaí Threoir (AE) 2023/xxxx maidir le coireacht comhshaoil. Ní chumhdófar le hathbhreithniú Threoir 2005/35/CE ach pionóis riaracháin amháin; is le le Treoir (AE) 2023/xxxx a chumhdaítear pionóis choiriúla i leith truailliú ó longa. Sonraítear leis na prionsabail lenar cheart tabhairt isteach na bpionós i bhforálacha an dlí náisiúnta agus an Treoir á trasuí a rialú, rud a chiallaíonn gur cheart go mbeadh siad éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ba cheart córas na bpionós riaracháin a thugtar isteach sa dlíchóras náisiúnta a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2023/xxxx agus do na pionóis dá bhforáiltear inti[16]. Sonraítear i mír nua a ghabhann le hAirteagal 8 cineál na bpionós ba cheart a sholáthar sa dlíchóras náisiúnta ar a laghad, agus ba cheart go n-áireofaí leo sin fíneálacha a fhorchuirtear ar chuideachta na loinge, lena n-aithnítear na rialacha idirnáisiúnta is infheidhme maidir le loingseoireacht go bhféadfadh an t-úinéir cláraithe bainistiú oibríochtúil agus/nó teicniúil na loinge a tharmligean chuig cuideachta eile. I gcásanna den sórt sin, bheadh an chuideachta freagrach as substaintí truaillithe a sceitheadh go neamhdhleathach san fharraige in ionad iad a sheachadadh chuig saoráidí glactha calafoirt, mura gcruthóidh sí go raibh duine eile, is é sin an máistir nó ball nó baill den chriú, i gcás nach raibh an baill nó na baill den chriú ag gníomhú faoi fhreagracht an mháistir, freagrach as an sceitheadh. Soiléirítear i mír nua a ghabhann le hAirteagal 8, má chruthaítear go raibh duine eile freagrach as an sárú seachas an chuideachta, gur cheart go mbeidís faoi réir pionóis i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE. Scriosadh pionóis choiriúla in aghaidh daoine nádúrtha (Airteagal 8a), an dliteanas i leith cionta coiriúla (Airteagal 8b) agus pionóis choiriúla in aghaidh daoine dlítheanacha (Airteagal 8c) ar mhaithe le comhleanúnachas dlíthiúil le Treoir (AE) 2023/xxxx maidir le coireacht comhshaoil.

*Airteagal 8d - Cur i bhfeidhm éifeachtach na bpionós (nua)*

Is airteagal nua é seo lena ndírítear ar chur i bhfeidhm comhsheasmhach an chórais pionóis dá bhforáiltear leis an Treoir ar fud an Aontais agus ar chomhfhogasú na bpionós a fhorchuirtear. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha agus riaracháin na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh agus leibhéal na bpionós atá le forchur ar an truaillitheoir á chinneadh acu. Agus aird á tabhairt ar chineál éagsúil na substaintí truaillithe a chumhdaítear faoin Treoir seo agus ar a thábhachtaí atá sé na pionóis sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais i bhfianaise chineál trasteorann an truaillithe ó longa, déanfar leibhéil phionóis a shainiú tuilleadh i ngníomh cur chun feidhme trí chritéir nithiúla a bhunú maidir le pionóis a chur i bhfeidhm i leith sceitheadh substaintí truaillithe éagsúla isteach san fharraige. D'fhéadfadh sampla de chritéir bhreise den sórt sin a bheith bunaithe ar an limistéar geografach inar tharla sceitheadh de chineál sonrach substainte truaillithe, ag brath ar íogaireacht an limistéir do na ceimiceáin atá sa tsubstaint truaillithe, e.g. sceitheadh neamhdhleathach ola cócaireachta sa Mhuir Bhailt.

*Airteagal 10 – Faisnéis agus taithí a mhalartú*

Níor athraíodh bunphrionsabal na forála - cuideoidh an Coimisiún leis na Ballstáit ina ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin le tacaíocht ó EMSA. Leasaíodh teideal an airteagail chun a léiriú go mbaineann na bearta a leagtar amach san airteagal seo leis an malartú faisnéise agus taithí is gá chun an Treoir a chur chun feidhme go héifeachtach agus leis an gcomhar idir na páirtithe lena mbaineann.

Chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit, cuireadh forálacha isteach maidir leis na huirlisí digiteacha atá ar fáil do na Ballstáit a neartú, go háirithe CleanSeaNet, agus

[16] Tugtar aghaidh ar smachtbhannaí neamhchoiriúla le Treoir (AE) 2023/XXX, ina hAirteagail 5 agus 7, agus ní mór na ceanglais sin a chur san áireamh agus Treoir 2005/35/CE á cur i bhfeidhm.

maidir leis na naisc uathoibríocha idir na bunachair sonraí sábháilteachta muirí agus na córais malartaithe faisnéise atá ann cheana, lena n-áirítear THETIS, THETIS-EU agus SafeSeaNet, chun faisnéis thráthúil agus chruinn a sholáthar i bhformáid atá furasta le húsáid sna Seirbhísí Muirí Comhtháite agus chun gur féidir leis na Ballstáit spriocdhíriú a dhéanamh ar bhealach níos fearr. Lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach, déantar foráil freisin maidir le ráta fíorúcháin 10 % in aghaidh na bliana ó gach Ballstát maidir leis na foláirimh a sheolann CleanSeaNet. Ba cheart rochtain na n-údarás náisiúnta ar fud an tslabhra forfheidhmiúcháin ar fhaisnéis den sórt sin a éascú, chomh maith le rochtain d'údaráis Ballstát eile a bhfuil leas acu san fhaisnéis sin, chun ualach riaracháin na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a íoslaghdú. Soláthróidh an Coimisiún na fóraim inar cheart an malartú taithí idir údaráis na mBallstát agus saineolaithe a dhéanamh. Chun na críche sin, moltar cruinnithe saineolaithe chun cleachtais choiteanna agus treoirlínte coiteanna a leagan síos, mar shampla trí shainghrúpa tiomnaithe a bhunú. Baineadh na forálacha maidir le cúraimí EMSA den airteagal toisc go sainítearna cúraimí sin in ionstraim dlí ar leith.

***Airteagal 10a – Tuairisciú (nua)***

Cuireadh córas tuairiscithe níos mionsonraithe in ionad oibleagáidí um thuairisciú na mBallstát maidir le cur chun feidhme na Treorach. Dá réir sin, ba cheart tuairisciú a dhéanamh anois nuair a chuirfear na gníomhaíochtaí ábhartha i gcrích, trí bhíthin uirlis tuairiscithe leictreonach thiomnaithe arna forbairt agus arna cothabháil ag EMSA. Áirithítear leis an socrú sin córas tuairiscithe nithiúil agus níos éifeachtaí trí aga moille a sheachaint idir dáta an teagmhais truaillithe nó na himeachtaí riaracháin agus dáta iarbhír an tuairiscithe. Ceanglaítear leis an airteagal ar na Ballstáit sonraí ábhartha a thuairisciú maidir le (i) cigireachtaí, (ii) gníomhaíochtaí fíorúcháin agus (iii) pionóis arna bhforchur. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit an ghníomhaíocht fíorúcháin a dhéantar i ndiaidh foláireamh CleanSeaNet a sheoladh chuig an mBallstát nó na cúiseanna gan obair leantach a dhéanamh maidir le foláireamh den sórt sin a thaifeadadh in CleanSeaNet. Tá sé beartaithe go ndéanfar gníomh cur chun feidhme chun rialacha níos mionsonraithe a sholáthar maidir leis an nós imeachta tuairiscithe, lena n-áirítear an cineál faisnéise atá le tuairisciú a shonrú. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme agus éifeachtacht na Treorach seo le tacaíocht ó EMSA trí na bearta sin agus beidh sé ábalta measúnú a dhéanamh ar na táscairí lena dtomhaisfear an dul chun cinn i dtreo cuspóirí na Treorach a bhaint amach.

***Airteagal 10b – Oiliúint (nua)***

Is é is aidhm don fhoráil seo cúnamh a thabhairt do na Ballstáit ina ngníomhaíochtaí oiliúna do na húdaráis ábhartha lena mbaineann ar fud an tslabhra forfheidhmiúcháin lena áirithiú go mbeidh na scileanna agus na cumais speisialaithe is gá ag na páirtithe uile lena mbaineann lena róil a chomhlíonadh go héifeachtach. Soláthróidh an Coimisiún, le tacaíocht theicniúil ó EMSA, oiliúint do Bhallstáit AE lena gcuid freagrachtaí faoin Treoir a chomhlíonadh ar bhealach níos fearr, i bhfianaise raon feidhme níos leithne agus forbairtí rialála nua ag IMO, nithe atá ábhartha do chur chun feidhme na Treorach seo. Ar an mbonn sin, cuirfidh EMSA ceardlanna i gcrích go rialta agus cumhdóidh sé (i) forbairtí nua teicneolaíochta, lena n-áirítear uirlisí digiteacha nua, maidir le cur chun feidhme na Treorach; agus (ii) dea-chleachtais na mBallstát agus a modhanna chun fianaise a bhailiú agus a fhíorú maidir le sceitheadh neamhdhleathach.

***Airteagal 10c - Foilsiú faisnéise (nua)***

Is airteagal nua é seo. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh faisnéis ríthábhachtach, neamhrúnda agus cothrom le dáta maidir le truailliú ó longa ar fáil ar líne. Ar an mbonn sin, foilseoidh EMSA forléargas ar líne agus nuashonróidh sé go rialta é. Ar an mbealach sin, beidh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis ghinearálta faoi gach teagmhas truaillithe ó longa san Aontas. Chuimseofaí leis sin faisnéis amhail sonraí maidir le foláireamh ó fhaireachas satailíte, an obair leantach arna déanamh ag an mBallstát lena mbaineann ina leith, fíorais fíoraithe ar an láthair nó cigireacht loinge agus toradh deiridh an imeachta, mar shampla, an fhíneáil riaracháin a forchuireadh, lena n-áirítear a leibhéal, ainm, bratach agus uimhir IMO na loinge ar forchuireadh í ina haghaidh agus príomhfhíorais an cháis inar forchuireadh í. Cuirfidh EMSA forléargas ar fáil go poiblí freisin ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na Treorach seo in aghaidh an Bhallstáit trí fhaisnéis a sholáthar do phróifílí tíre lena dtomhaistear an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí sonracha a bhaint amach, amhail líon na dteagmhas truaillithe a sainaithníodh nó líon na n-imeachtaí riaracháin in aghaidh na tíre chomh maith le roinnt príomhtháscairí maidir lena gcóimheasa. Soláthraítear Iarscríbhinn nua a ghabhann leis an Treoir lena léirítear an cineál faisnéise atá ar fáil go poiblí.

***Airteagal 10d - Cosaint daoine a thuairiscíonn sceitheadh neamhdhleathach féideartha (nua)***

Beidh bunú nua uirlisí digiteacha EMSA ina phointe rochtana lena chur in iúl don Bhallstát gur tharla sceitheadh neamhdhleathach ó long ar muir. Beidh bealach tiomnaithe ag sceithirí (i.e. daoine nádúrtha a thuairiscíonn faisnéis faoi sháruithe a fhaightear i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí obairbhunaithe) chun na cionta féideartha a thuairisciú. Déantar tagairt san airteagal sin do sceithirí a chosaint tríd an nasc chuig Treoir (AE) 2019/1937 lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn na sáruithe seo a leanas ar dhlí an Aontais.

***Airteagal 12a - Meastóireacht agus athbhreithniú (nua)***

Is airteagal nua é seo. Foráiltear leis an bhforáil sin go ndéanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach cúig bliana i ndiaidh an trasuí. Cuireadh clásal athbhreithnithe isteach leis seo freisin ina luaitear gur cheart aon mhodhnuithe amach anseo ar na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le truailliú ó longa a chosc a cuireadh faoi réir rialú Marpol 73/78 a chur san áireamh le linn an athbhreithnithe.

***Airteagal 13 - Nós imeachta coiste***

Is airteagal caighdeánach nua é seo chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh.

***Scriostar sean-Airteagail 5a-b, 8a-c, 11, 14 agus 15 agus an Iarscríbhinn aonair***

Scriosadh na hairteagail thuasluaite i bprionsabal mar gheall ar impleachtaí Threoir (AE) 2023/xxxx maidir le coireacht comhshaoil agus i gcásanna nach bhfuil siad ábhartha a thuilleadh. Scriosadh an Iarscríbhinn aonair a ghabhann le Treoir 2005/35/CE mar Iarscríbhinn atá as dáta.

***Iarscríbhinn I (nua)***

Is Iarscríbhinn nua í seo ina soláthraítear samplaí de chásanna inar cheart gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh toisc go bhfuil amhras ann go sceitheann long substaintí truaillithe go neamhdhleathach. Sa chás sin, ní mór don Bhallstát cigireacht a dhéanamh ag calafort chun faisnéis maidir le himthosca an sceite neamhdhleathaigh chomh maith leis an

bhfianaise a sheiceáil agus a bhailiú. Cuimsítear san Iarscríbhinn liosta táscach de shamplaí de neamhrialtachtaí agus d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an oibleagáidmaidir le cigireacht a dhéanamh, e.g. torthaí cigireachtaí stáit ar chalafoirt roimhe sin nó cigireacht a rinne údaráis phóilíneachta, údaráis chomhshaoil nó údaráis eile, cigireachtaí ar sheachadadh dramhaíola ó longa i saoráidí glactha calafoirt, nó faisnéis a mhalartaítear nó a fhaightear trí na Seirbhísí Muirí Comhtháite. Má nochtar sa chigireacht gur tharla sceitheadh neamhdhleathach, ní mór imeachtaí iomchuí a thionscnamh, de réir mar is cuí.

***Iarscríbhinn II (nua)***

Is Iarscríbhinn nua í seo lena soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de na cineálacha faisnéise atá le nochtadh don phobal maidir le gach teagmhas truaillithe agus maidir le cur chun feidhme na Treorach ag gach Ballstát. Soláthrófar faisnéis den sórt sin i bhformáid a bheidh so-úsáidte, mar shampla, i bhfoirm léarscáile i gcás inar féidir le húsáideoir zúmáil isteach sa limistéar geografach inspéise agus a fheiceáil conas a láimhseáiltear teagmhais truaillithe i mbliain ar leith. Chuirfí an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí ar fáil i dteanga neamhtheicniúil d'fhonn faisnéis a thabhairt don phobal maidir leis an dóigh a bhfiosraíonn na Ballstáit teagmhais truaillithe agus leis na longa ar gearradh fíneáil orthu.

2023/0171 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[17],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[18],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is aidhm do bheartas muirí an Aontais ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur ar fáil. Is féidir an méid sin a bhaint amach trí choinbhinsiúin, cóid agus réitigh idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus an tsaoirse loingseoireachta dá bhforáiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige á coinneáil.

(2) Sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc ('Marpol 73/78') déantar foráil maidir le toirmisc ghinearálta ar sceitheadh ó longa ar muir, ach ina theannta sin rialáiltear leis na coinníollacha faoinar féidir substaintí áirithe a sceitheadh sa mhuirthimpeallacht.

(3) Ó glacadh Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [19], rinneadh leasuithe tábhachtacha ar Marpol 73/78 agus ar na Iarscríbhinní a ghabhann leis, leasuithe lenar cuireadh caighdeáin agus toirmisc níos déine i bhfeidhm maidir le sceitheadh substaintí ó longa isteach san fharraige. Ba cheart na hathruithe sin chomh maith leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE a chur san áireamh.

(4) Áirithítear le Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] go seachadfar dramhaíl chuig calafoirt an Aontais, i gcás ina mbailítear í trí shaoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha. Tá forfheidhmiú Threoir 2019/883/CE, in éineacht le Treoir 2005/35/CE, ina phríomhionstraim maidir le truailliú ó longa a chosc. Chun córas

[17] IO C 77, 31.3.2009, lch. 69.

[18] IO C 202, 7.6.2016, lch. 177.

[19] Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11).

[20] Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n- aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116)..

forfheidhmiúcháin éifeachtach, comhtháite agus comhleanúnach a áirithiú i leith fhorálacha Threoir (AE) 2019/883 maidir le seachadadh dramhaíola chuig saoráidí glactha calafoirt, ba cheart Treoir 2005/35/CE a leasú lena raon feidhme a leathnú go hIarscríbhinní IV go VI a ghabhann le Marpol 73/78, d'fhonn longa a dhíspreagadh maidir le substaintí atá truaillitheach go neamhdhleathach a sceitheadh isteach san fharraige in ionad iad a sheachadadh i saoráidí glactha calafoirt i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2019/883.

(5) Ní chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/883 Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78 toisc nach ndéantar earraí pacáistithe a chatagóiriú mar dhramhaíl, dá bhrí sin ní dhéantar iad a sheachadadh i saoráidí glactha calafoirt de ghnáth. Ní féidir a chur as an áireamh, áfach, go bhféadfaí substaintí díobhálacha a iompraítear i bhfoirm phacáistithe a chaitheamh isteach san fharraige go neamhdhleathach. I bhfianaise a bhfuil thuas, ba cheart raon feidhme Threoir 2005/35/CE a leathnú go hIarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78. Dá réir sin, ba cheart toirmeasc a chur ar athlonnú substaintí díobhálacha faoi Threoir 2005/35/CE, ach amháin má shuíonn na húdaráis inniúla go raibh sé riachtanach chun sábháilteacht na loinge a áirithiú nó chun daoine a shábháil ar muir.

(6) Áirítear le Marpol 73/78 astaíochtaí ó longa sa sainmhíniú ar sceitheadh in Airteagal 2 de. In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, tugtar aghaidh ar thruailliú aeir ó longa a chosc. Le hIarscríbhinn VI agus leis na treoirlínte IMO comhfhreagracha maidir le Córais Ghlantacháin Gáis Sceite (EGCS) (Rún MEPC.340 (77)), féadfaidh longa EGCS a úsáid mar mhodh malartach um chomhlíonadh chun astaíochtaí ocsaíde sulfair (SOx) a laghdú. In Iarscríbhinn VI, rialaítear an t-iarmhar agus an t-uisce sceite ó EGCS, trí thoirmeasc a chur ar a sceitheadh ar muir agus trína cheangal go seachadfar iad chuig saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha (i gcás iarmhar EGCS ó chórais lúbiata) nó trí na coinníollacha maidir lena sceitheadh a rialáil (i gcás uisce sceite ó chórais lúbiata). Trasuíonn Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] caighdeáin idirnáisiúnta SOX i ndlí an Aontais, agus áirithítear le Treoir (AE) 2019/883 go seachadfar iarmhar EGCS i saoráidí glactha calafoirt. Ós rud é go bhféadfadh iarmhair agus uisce sceite EGCS a bheith ina gcúis le truailliú don mhuirthimpeallacht, ba cheart feidhm a bheith ag na pionóis dá bhforáiltear faoi Threoir 2005/35/CE i gcás sceitheadh neamhdhleathach. Ar na cúiseanna sin, ba cheart raon feidhme Threoir 2005/35/CE a leathnú chuig iarmhair agus uisce sceite EGCS, agus na treoirlínte arna bhforbairt ag IMO á gcur san áireamh, gan dochar d'fhorálacha Threoir (AE) 2016/802 lena leagtar amach aon noirm agus pionóis níos déine maidir le sceitheamh ina leith.

(7) Le Treoir (AE) 2023/xxxx [22] áirithítear sainmhínithe comhchoiteanna maidir le cionta coiriúla comhshaoil agus áirithítear go mbeidh smachtbhannaí coiriúla athchomhairleacha éifeachtacha comhréireacha ar fáil i leith cionta comhshaoil tromchúiseacha. Leasaíodh Treoir 2005/35/CE le Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], lenar tugadh pionóis choiriúla isteach maidir le sáruithe áirithe ar Threoir 2005/35/CE agus ba cheart iad sin teacht faoi raon feidhme Threoir (AE) 2023/xxxx feasta. Dá réir sin, ba cheart forálacha Threoir 2005/35/CE a cuireadh le Treoir 2009/123/CE nó a cuireadh ina hionad a scriosadh de Threoir 2005/35/CE.

---

21 Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (códú) (IO L 132, 21.5.2016, lch. 58).

22 IO L xxxx.

23 Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (IO L 280, 27.10.2009, lch. 52).

(8) Ba cheart pionóis riaracháin a thugtar isteach agus Treoir 2005/35/CE á trasuí a bheith gan dochar do Threoir (AE) 2023/xxxx. Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil a shainiú maidir le cionta truaillithe ó longa de réir a ndlí náisiúnta. Agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2005/35/CE á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar le forchur na bpionós coiriúil agus na bpionós riaracháin prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear toirmeasc *ne bis in idem*.

(9) Ba cheart na pionóis dá bhforáiltear le Treoir 2005/35/CE a neartú trína áirithiú go gcuirfear pionóis riaracháin i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais. Chun éifeacht iombagartha na bpionós a fhorchuirtear i leith cionta truaillithe ó longa a neartú, ba cheart na pionóis sin a bheith i bhfoirm fíneálacha ar a laghad a fhorchuirtear ar chuideachta na loinge, mura féidir leis an gcuideachta a chruthú go raibh máistir na loinge nó ball nó baill den chriú, i gcás nach raibh an ball nó na baill den chriú ag gníomhú faoi fhreagracht an mháistir, freagrach as an sceitheadh. Sa chomhthéacs sin, ciallaíonn cuideachta loinge úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir loma, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge, i gcomhréir leis an gCód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc ('Cód ISM')[24], arna chur chun feidhme i ndlí an Aontais de bhua Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25]. Ba cheart go n-aithneofaí le Treoir 2005/35/CE go bhféadfadh an t-úinéir cláraithe bainistiú na loinge a tharmligean chuig eintiteas eile, agus ba cheart go gcuirfí an fhreagracht airsean ansin ar an gcéad dul síos má theipeann air oibleagáidí faoi Chód ISM lena áirítear nach ndéanfar damáiste don chomhshaol a chur chun feidhme nó go ndéanfar oibríochtaí ar bord loinge a shannadh do phearsanra cáilithe.

(10) Ba cheart do na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha na himthosca ábhartha go léir a chur san áireamh agus leibhéal na bpionós atá le forchur ar an truaillitheoir á chinneadh acu. Agus aird á tabhairt ar chineál éagsúil na substaintí truaillithe a chumhdaítear faoi Threoir 2005/35/CE agus ar a thábhachtaí atá sé pionóis a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais i bhfianaise chineál trasteorann an iompair rialáilte, ba cheart comhfhogasú breise agus éifeachtacht leibhéil na bpionós a chothú trí chritéir nithiúla a bhunú maidir le pionóis a chur i bhfeidhm i leith sceitheadh substaintí truaillithe éagsúla. Chun na coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26]. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh.

(11) I gcás ina gceapann Ballstát go ndearna long atá laistigh dá chalafort nó ag críochfort amach ón gcósta ar bhonn deonach sceitheadh neamhdhleathach, ba cheart cigireacht iomchuí a dhéanamh chun na himthosca a shuí. Chun cuidiú leis na Ballstáit lena n-oibleagáidí faoi Threoir 2005/35/CE cigireacht a dhéanamh ar na longa sin, soláthraítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2005/35/CE liosta táscach de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis ba cheart

---

24 An Cód Bainistithe Idirnáisiúnta um Oibriú Sábháilte Long agus um Thruailliú a Chosc arna ghlacadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le Rún A.741 (18) ón Tionól an 4 Samhain 1993, arna leasú.

25 Rialachán (CE) Uimh. 336/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Feabhra 2006 maidir le cur chun feidhme an Chóid Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3051/95 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 64, 4.3.2006, lch. 1).

26 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

d'údaráis inniúla a chur san áireamh de réir an cháis agus cinneadh á dhéanamh acu ar cheart a mheas go bhfuil long faoi amhras.

(12) Níor leor na bearta tionlacain le haghaidh comhair agus oibleagáidí um thuairisciiú na mBallstát go dtí seo chun go mbeifear ábalta anailís iomlán a dhéanamh i dtaobh an bhfuil pionóis éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha á bhforchur ar thruailleoirí agus an gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach Threoir 2005/35/CE a áirithiú, ba cheart malartú faisnéise agus taithí a éascú trí chomhar feabhsaithe, agus a áirithiú ag an am céanna go gcuirfear sonraí leordhóthanacha ar fáil don Choimisiún chun go bhféadfar faireachán cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE.

(13) An tseirbhís saitilítbhunaithe 'CleanSeaNet' atá ann cheana agus lena dtugtar fógra d'údaráis na mBallstát maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha, ba cheart í a fheabhsú tuilleadh chun faisnéis a chur san áireamh maidir leis na substaintí truaillithe breise faoi raon feidhme Threoir 2005/35/CE. Maidir le faisnéis a bhaineann le sceitheadh féideartha nó le sceitheadh iarbhír arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE agus le bunachair sonraí eile de chuid an Aontais um shábháilteacht mhuirí, amhail Córas an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí arna bhunú le Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] ('SafeSeaNet') agus an Bunachar Sonraí Cigireachta arna bhunú le Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] ('Thetis'), ba cheart í a chomhtháthú agus a scaipeadh i bhformáid leictreonach sho-úsáidte ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu leis an slabhra forfheidhmiúcháin chun a bhfreagairt thráthúil a éascú. Ba cheart faisnéis den sórt sin, nuair a bhaineann sí le sceitheadh iarbhír nó le sceitheamh féideartha iarmhair ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite ó long, a scaipeadh go huathoibríoch ar mhodúl tiomnaithe Thetis arna chur ar bun ag an gCoimisiún faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2015/253 ('THETIS-EU'), chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2016/802. Lena áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile faireachán éifeachtach ar chur chun feidhme na Treorach, ba cheart do gach Ballstát ráta fíorúcháin 10 % in aghaidh na bliana maidir leis na foláirimh a sheolann CleanSeaNet a áirithiú laistigh de na chéad trí bliana ó thrasuí na Treorach seo. Ba cheart rochtain ar an bhfaisnéis sin a dheonú d'údaráis na mBallstát eile a bhfuil leas acu inti faoina róil mar Stáit chalafoirt an chéad chalafoirt chuarda eile, Stáit chósta a ndéanann an sceitheadh féideartha nó Stáit bhrataí na loinge difear dóibh chun comhar trasteorann éifeachtach agus tráthúil a éascú, chun ualach riaracháin na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a íoslaghdú agus chun pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí i gcás sáruithe ar Threoir 2005/35/CE.

(14) I mí na Nollag 2017, i bhfianaise thús na caibidlíochta idir-institiúidí ar Threoir (AE) 2019/883, cuireadh ar atráth an Foghrúpa maidir le Dramhaíl ó Longa, foghrúpa a bunaíodh faoi Fhóram Eorpach na Loingseoireachta Inbhuanaithe agus inar tháinig raon leathan saineolaithe i réimse an truaillithe ó longa agus an bhainistithe dramhaíola ó longa le chéile. Ós rud é gur thug an Foghrúpa sealadach sin treoir agus saineolas luachmhar don Choimisiún, ba cheart grúpa saineolaithe comhchosúil a bhunú ag a mbeadh sainordú taithí maidir le cur i

27 Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

28 Treoir 2009/16/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialú stáit ar chalafoirt (Athmhúnlú) (IO L 131, 28.5.2009, lch. 57).

bhfeidhm na Treorach seo a mhalartú chun cuidiú leis na Ballstáit forbairt a dhéanamh ar a gcumas teagmhais truaillithe a bhrath agus a fhíorú agus forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE a áirithiú.

(15) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) arna bunú le Rialachán (AE) xxxx/xxxx[29] an tacaíocht is gá a thabhairt don Choimisiún chun cur chun feidhme na Treorach seo a áirithiú.

(16) Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis is gá a thuairisciú don Choimisiún lena áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar chur chun feidhme Threoir 2005/35/CE. Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin agus chun cuidiú leis an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a thuairisciú trí uirlis tuairiscithe leictreonach thiomnaithe. A mhéid a bhaineann faisnéis den sórt sin le pionóis a fhorchuirtear ar dhaoine nádúrtha nó a bhaineann le daoine nádúrtha, déanfar faisnéis den sórt sin a anaithnidiú. Lena áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le Treoir 2005/35/CE inchomparáide ó thaobh cineál de i measc na mBallstát agus go mbaileofar í ar bhonn formáid agus nós imeachta comhchuibhithe leictreonach le haghaidh tuairiscithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(17) Chun cuidiú leis na Ballstáit a gcumas a fhorbairt maidir le forfheidhmiú éifeachtach Threoir 2005/35/CE ag na húdaráis náisiúnta riaracháin agus bhreithiúnacha, ba cheart don Choimisiún treoir agus oiliúint a sholáthar do na Ballstáit a bhaineann, inter alia, leis na modhanna agus na cleachtais is fearr maidir le brath, fíorú agus bailiú fianaise, chomh maith le treoir maidir le forbairtí rialála ábhartha Marpol 73/78 agus maidir le forbairtí teicneolaíochta atá ar fáil, lena n-áirítear uirlisí digiteacha nua, chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin atá éifeachtach, costéifeachtach agus spriocdhírithe a éascú.

(18) Chun feasacht an phobail ar sceitheadh ó thruailliú ó longa a mhéadú agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil, ba cheart faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2005/35/CE a chur ar fáil go poiblí trí fhorléargas uile-Aontais agus ba cheart go n-áireofaí leis an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2005/35/CE. Is é is aidhm do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] an ceart rochtana ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a ráthú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus), ina bhfuil an tAontas ina pháirtí. Ba cheart don Choimisiún rúndacht na faisnéise a fhaigheann na Ballstáit a chosaint, gan dochar d'fhorálacha Threoir 2003/4/CE.

(19) Le Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], leagtar síos caighdeáin íosta maidir le sáruithe ar dhlí an Aontais a thuairisciú, lena n-áirítear Treoir 2005/35/CE agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go háirithe, go dtabharfar cosaint don chriú faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/1937 lena dtuairiscítear sceitheadh neamhdhleathach iarbhír nó sceitheadh neamhdhleathach féideartha. Sa bhreis ar na bealaí tuairiscithe atá ann cheana a sholáthraítear

---

29 IO L xxxx.

30 Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n- aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

31 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

ar an leibhéal náisiúnta mar a rialaítear faoi Threoir (AE)2019/1937, ba cheart don Choimisiún bealach tuairiscithe seachtrach láraithe ar líne a chur ar fáil chun sceitheadh neamhdhleathach iarbhír nó sceitheadh neamhdhleathach féideartha a thuairisciú agus na tuarascálacha sin a aistriú chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit lena mbaineann, agus ba cheart dóibh na tuarascálacha sin a láimhseáil ina dhiaidh sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937, lena n-áirítear maidir lena admháil go bhfuarthas iad, maidir le haiseolas leordhóthanach agus maidir le bearta leantacha a dhéanamh ina leith. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcosnófar rúndacht chéannacht na ndaoine tuairiscithe, lena n-áirítear, i gcás inar gá, trí fheidhmiú chearta áirithe cosanta sonraí na ndaoine lena mbaineann a shrianadh, amhail daoine a áirítear sa tuarascáil mar dhaoine atá rannpháirteach sa sceitheamh neamhdhleathach féideartha, i gcomhréir le hAirteagal 25(1) pointí (c) agus (h) agus Airteagal 25 (2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], a mhéid agus a fhad is gá chun cosc a chur agus aghaidh a thabhairt ar iarrachtaí bac a chur ar thuairisciú nó ar iarrachtaí bac a chur ar bheart leantach, moill a chur ar bheart leantach nó beart leantach a chur ó rath, go háirithe imscrúduithe, nó ar iarrachtaí céannacht na ndaoine tuairiscithe a fháil amach.

(20) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [xx xx 2023][33].

(21) Tá plé leanúnach ar siúl ag an IMO maidir le saincheisteanna comhshaoil nua a bhaineann le loingseoireacht idirnáisiúnta, a mbíonn truailliú uisce agus truailliú aeir mar thoradh uirthi. Áirítear leo sin truailleáin uisce i mbruscair mhuirí, amhail cailliúint coimeádán agus millíní plaisteacha, agus truailleáin torainn agus aeir faoi uisce amhail carbón dubh. D'fhéadfadh rialacháin nua faoi Marpol 73/78 a bheith mar thoradh ar an bplé sin. Thairis sin, ceanglaítear le Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] ar na Ballstáit dea-stádas comhshaoil sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach, lena n-áirítear, i measc nithe eile, bruscar muirí agus torann faoi uisce ó longa mar thuairisceoirí cáilíochtúla. Ar an ábhar céanna, leagtar síos le Treoir (AE) 2023/xxxx[35] teorainnluachanna maidir le dé-ocsaíd nítrigine (NO2) a eascraíonn as astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx). Cuireann gníomhaíochtaí loingseoireachta le leibhéil NO2 níos airde i limistéir chósta agus chalafoirt. I bhfianaise an méid sin, ba cheart forbairtí nua a chur san áireamh in athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar Threoir 2005/35/CE agus ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí raon feidhme na Treorach seo a mhodhnú, más iomchuí, i bhfianaise aon chaighdeáin idirnáisiúnta nua faoi Marpol 73/78. Ba cheart go ndéanfaí measúnú in athbhreithniú amach anseo ar an bhféidearthacht go ndéanfaí modhnú ar raon feidhme Threoir 2005/35/CE, más iomchuí, chun astaíochtaí SOx agus NOx a ionchorprú, mar a rialaítear le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme Threoir (AE) 2016/802 agus ar an

32 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

33 IO C xxxx.

34 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

35 IO L xxxx.

bhforbairt agus an aibíocht maidir le faireachán agus brath astaíochtaí SOx agus NOx ó longa, d'fhonn córas forfheidhmiúcháin comhleanúnach, éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, chomh maith le pionóis athchomhairleacha a fhorchur ina leith, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach agus, go háirithe, le Tionscnamh Suaitheanta 5 de '*Truailliú nialasach a Fhorfheidhmiú le chéile*'.

(22) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach go leordhóthanach de bharr an damáiste trasteorann a d'fhéadfadh tarlú de dheasca sceitheadh neamhdhleathach a chumhdaítear leis an Treoir seo agus de dheasca infhaighteacht pionós éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach ar fud an Aontais as sceitheadh dá leithéid ach, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(23) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun réiteach éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, agus an ceart gan duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla mar gheall ar an gcion céanna. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ní foláir í a chur chun feidhme dá réir sin.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2005/35/CE a leasú.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2005/35/CE**

Leasaítear Treoir 2005/35/CE mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú i ndáil le truailliú ó longa agus pionóis as cionta truaillithe a thabhairt isteach'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

**Cuspóir**

1. Is é is cuspóir don Treoir seo caighdeáin idirnáisiúnta maidir le truailliú ó longa a ionchorprú i ndlí an Aontais agus a áirithiú go mbeidh daoine atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach substaintí truaillithe faoi réir pionóis riaracháin athchomhairleacha, éifeachtacha agus chomhréireacha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil mhuirí ar thruailliú ó longa.

2. Ní chuirtear cosc leis an Treoir seo ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, trí fhoráil a dhéanamh maidir le pionóis riaracháin nó choiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

*'Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn "Marpol 73/78" an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc, 1973 agus a Phrótacal 1978, ina leagan cothrom le dáta;
2. ciallaíonn 'substaintí truaillithe' substaintí atá faoi réir rialú Marpol 73/78 Iarscríbhinní I (ola), II (substaintí leachtacha díobhálacha ar an mórchóir), III (substaintí díobhálacha a iompraítear ar muir i bhfoirm phacáistithe), IV (camras ó longa), V (bruscar ó longa) agus iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite;
3. Ciallaíonn 'iarmhar ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite' aon ábhar a bhaintear as an uisce níocháin nó as an uisce sceite le córas cóireála nó uisce sceite nach gcomhlíonann an critéar maidir le sceitheadh, nó ábhar iarmhair eile a bhaintear as an gcóras glantacháin gáis sceite a scaoiltear thar bord mar thoradh ar oibriú modha comhlíonta maidir le laghduithe astaíochtaí, mar a shainítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, a úsáidtear mar mhalairt ar laghduithe astaíochtaí ar na caighdeáin a leagtar amach i Rialachán 14 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78, agus na treoirlínte a d'fhorbair an IMO á gcur san áireamh;
   (a) ciallaíonn 'sceitheadh' aon scaoileadh saor ó long ar pé bealach, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Marpol 73/78;
4. ciallaíonn 'long' soitheach farraige, beag beann ar a bhratach, d'aon chineál in aon chor a bhíonn ag oibriú sa mhuirthimpeallacht agus áireofar leis duillárthaigh, feithiclí aerchúisín, tumadóirí agus árthaí ar snámh;
5. ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, cé is moite de na Stáit féin nó de na comhlachtaí poiblí i bhfeidhmiú údarás an Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí;
6. ciallaíonn 'cuideachta' úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ó úinéir na loinge.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

*'Airteagal 4*

**Sáruithe**

1. Maidir le sceitheadh substaintí truaillithe isteach in aon cheann de na limistéir a leagtar amach in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit go measfar gur sáruithe é, mura rud é:

(a) maidir le substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinn I a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin 15, 34, 4.1 nó 4.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Marpol 73/78;

(b) maidir le substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinn II a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin 13, 3.1.1 nó 3.1.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Marpol 73/78;

(c) maidir le substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán 8.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Marpol 73/78;

(d) maidir le substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinn IV a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin 3, 11.1 agus 11.3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Marpol 73/78;

(e) maidir le substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinn V a ghabhann le Marpol 73/78, go comhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin 4.1, 4.2, 5, 6.1, 6.2, 7 a ghabhann le Marpol 73/78 agus i roinn 5.2 de Chuid II-A den Chód Idirnáisiúnta um Longa a Oibriú in Uiscí Polacha (Cód Polach); agus

(f) maidir le hiarmhair ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach i Rialacháin 14.1, 14.4, 14.6 agus 3.1.1 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol 73/78.

2. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá lena áirithiú go mbeidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne sárú de réir bhrí mhír 1 faoi dhliteanas ina leith.

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

*'Airteagal 5*

**Eisceachtaí**

1. Ní mheasfar gur sárú don chuideachta, don mháistir ná don chriú a bheidh i sceitheadh substaintí truaillithe atá faoi réir rialú Iarscríbhinní I, II agus VI a ghabhann le Marpol 73/78 sna limistéar a leagtar amach in Airteagal 3(1)(c), (d) agus (e), má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go bhfuil an sceitheadh mar thoradh ar dhamáiste do long nó dá trealamh;

(b) go ndearnadh gach réamhchúram réasúnach nuair a tharla an damáiste nó nuair a thángthas ar an sceitheamh chun é a chosc nó a íoslaghdú.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás inar ghníomhaigh an chuideachta, an máistir nó an criú atá freagrach as an damáiste le hintinn damáiste a dhéanamh nó go meargánta agus fios acu gur dócha go mbeadh damáiste mar thoradh air.';

(6) Scriostar Airteagal 5a;

(7) Scriostar Airteagal 5b;

(8) In Airteagal 6, cuirtear an mhír 3 mar seo a leanas isteach:

3. Tá liosta táscach de neamhrialtachtaí nó d'fhaisnéis de réir bhrí mhír 1 le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.';

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

*'Airteagal 8*

**Pionóis**

1. Gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi Threoir (AE) 2023/xxxx[36], leagfaidh na Ballstáit síos córas pionós riaracháin maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 4 agus Airteagal 5(2) den Treoir seo agus áiritheoidh siad go gcuirfear na pionóis sin i bhfeidhm. Beidh na pionóis riaracháin dá bhforáiltear athchomhairleach, éifeachtach agus comhréireach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sna pionóis a thabharfar isteach i dtrasuí na Treorach seo fíneálacha a fhorchuirtear ar an gcuideachta tráth an tsáraithe, mura féidir leis an gcuideachta a chruthú go raibh an máistir nó, an criú, mura raibh an criú ag gníomhú faoi fhreagracht an mháistir, freagrach as an sárú.

3. I gcás ina gcruthófar go raibh an máistir nó an criú, mura raibh an criú gníomhú faoi fhreagracht an mháistir, freagrach as an sárú ábhartha a dhéanamh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pionóis a fhorchur ar na daoine sin i gcomhréir le forálacha na Treorach seo.';

(10) Scriostar Airteagal 8a;

(11) Scriostar Airteagal 8b;

(12) Scriostar Airteagal 8c;

(13) Cuirtear isteach an tAirteagal 8d seo a leanas:

*'Airteagal 8d*

**Na pionóis a chur i bhfeidhm go héifeachtach**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus cineál agus leibhéal an phionóis riaracháin ar dhuine nádúrtha nó ar dhuine dlítheanach a mheasann na húdaráis inniúla go bhfuil sé nó sí freagrach as sárú de réir bhrí Airteagal 4 agus Airteagal 5(2) á chinneadh agus á chur i bhfeidhm acu, go gcuirfidh na húdaráis inniúla cúinsí ábhartha uile an tsáraithe san áireamh, lena n-áirítear:

   (a) cineál, tromchúis agus fad an sceite;

   (b) leibhéal chiontacht an duine atá freagrach;

   (c) an damáiste a dhéantar de bharr an sceite don chomhshaol nó do shláinte an duine;

   (d) láidreacht airgeadais an duine atá freagrach, agus láimhdeachas bliantúil ar fud an domhain an duine dhlítheanaigh atá freagrach á chur san áireamh, de réir mar is iomchuí;

   (e) na tairbhí eacnamaíocha a ghintear nó a mheastar a ghinfear don duine atá freagrach as an sárú;

   (f) bearta a rinne an duine freagrach chun an sceitheadh a chosc nó a thionchair a mhaolú;

   (g) leibhéal comhair an duine fhreagraigh leis an údarás inniúil, lena n-áirítear aon bheart arb é is aidhm dó dul timpeall ar chigireacht iomchuí nó ar imscrúdú

[36] IO L xxxx.

iomchuí nó bac a chur ar chigireacht iomchuí nó ar imscrúdú iomchuí eile a dhéanann údarás inniúil; agus

(h) aon sárú a rinne an duine freagrach roimhe sin.

2. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail sin a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na critéir a bheidh le cur san áireamh ag na Ballstáit agus pionóis á gcur i bhfeidhm acu as gach cineál substainte truaillithe de bhun na Treorach seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*'Airteagal 10*

**Faisnéis agus taithí a mhalartú**

1. Chun críocha na Treorach seo, comhoibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i malartú faisnéise, ag tógáil ar Chóras an Aontais um Malartú Faisnéise Muirí a leagtar amach in Airteagal 22a(3) agus in Iarscríbhinn III de Threoir 2002/59/CE[37] (SafeSeaNet), chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

(a) feabhas a chur ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun an Treoir sin a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, go háirithe mar a fhoráiltear leis an tseirbhís Eorpach um bhrath truaillithe satailítbunaithe arna bunú leis an Treoir sin (CleanSeaNet), d'fhonn modhanna iontaofa a fhorbairt chun substaintí truaillithe san fharraige a rianú;

(b) córas rialaithe agus faireacháin iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena gcomhtháthófar faisnéis arna soláthar faoi mhír (a) le faisnéis arna cur ar fáil in SafeSeaNet agus i mbunachair shonraí agus in uirlisí faisnéise eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear faisnéis a scaipeadh maidir le sceitheadh iarbhír nó sceitheadh féideartha iarmhair ó Chóras Glantacháin Gáis Sceite chuig modúl tiomnaithe Thetis arna chur ar bun ag an gCoimisiún faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme 2015/253[38] (THETIS-EU), d'fhonn sainaithint luath agus faireachán luath long a sceitheann substaintí truaillithe a éascú, chun féachaint le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin arna ndéanamh ag údaráis náisiúnta a bharrfheabhsú;

(c) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an bhfaisnéis arna soláthar i gcomhréir le mír (a) agus (b) agus arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 10a, chun rochtain agus malartú faisnéise den sórt sin idir údaráis inniúla agus le húdaráis na mBallstát eile agus an Coimisiún a éascú; agus

(d) laistigh de thrí bliana ó dháta thrasuí na Treorach seo, a áirithiú go bhfíoróidh na húdaráis inniúla 10 % ar a laghad de na foláirimh a sheolann CleanSeaNet gach bliain.

---

[37] Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí agus lena n-aisghairtear Treoir 93/75/CEE ón gComhairle (IO L 208, 5.8.2002, lch. 10).

[38] Cinneadh Cur chun Feidhme (AE) 2015/253 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2015 lena leagtar síos na rialacha a bhaineann le sampláil agus tuairisciú faoi Threoir 1999/32/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcion sulfair i mbreoslaí muirí (IO L 41, 17.2.2015, lch. 55)

2. Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí a eagrú idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus saineolaithe, lena n-áirítear iad siúd ón earnáil phríobháideach, ón tsochaí shibhialta agus ó cheardchumainn, maidir leis an Treoir sin a chur i bhfeidhm ar fud an Aontais, d'fhonn cleachtais choiteanna agus treoirlínte coiteanna a bhunú maidir leis an Treoir sin a fhorfheidhmiú.';

(15) Cuirtear isteach na hAirteagail 10a, 10b, 10c agus 10d seo a leanas:

*'Airteagal 10a*

**Tuairisciú**

1. Bunóidh an Coimisiún uirlis tuairiscithe leictreonach, chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le cur chun feidhme an chórais forfheidhmiúcháin dá bhforáiltear leis an Treoir seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéanann a húdaráis inniúla a thuairisciú tríd an uirlis tuairiscithe leictreonach dá dtagraítear i mír 1:

   (a) faisnéis a bhaineann leis an obair leantach a dhéanann údaráis inniúla maidir le foláireamh a sheol CleanSeaNet nó na cúiseanna nach ndearnadh obair leantach maidir le foláireamh den sórt sin, a luaithe a chuirfear na gníomhaíochtaí leantacha i gcrích;

   (b) faisnéis a bhaineann leis na cigireachtaí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 6, a luaithe a chuirfear an chigireacht i gcrích;

   (c) faisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 7, a luaithe a chuirfear na gníomhaíochtaí sin i gcrích;

   (d) faisnéis a bhaineann le pionóis arna bhforchur i gcomhréir leis an Treoir seo, gan moill mhíchuí agus in aon chás, faoin 30 Meitheamh gach bliain maidir le pionóis arna bhforchur le linn na bliana féilire roimhe sin. A mhéid a chuimsítear sonraí pearsanta i bhfaisnéis a bhaineann le pionóis, déanfar faisnéis den sórt sin a anaithnidiú.

3. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Airteagail seo a áirithiú, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis an nós imeachta chun an fhaisnéis a luaitear i mír 2 a thuairisciú, lena n-áirítear an cineál faisnéise atá le tuairisciú a shonrú, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 13.

4. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na húdaráis atá i dteideal a mbeidh rochtain acu maidir leis an uirlis tuairiscithe a leagtar amach i mír 1.

*Airteagal 10b*

**Oiliúint**

Déanfaidh an Coimisiún forbairt acmhainní na mBallstát a éascú trí oiliúint a sholáthar, de réir mar is iomchuí, do na húdaráis atá freagrach as sáruithe a bhrath, a fhíorú agus a fhorfheidhmiú faoi raon feidhme na Treorach seo.

*Airteagal 10c*

**Faisnéis a fhoilsiú**

1. Ar bhonn na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10a, cuirfidh an Coimisiún forléargas ar fáil go poiblí ar fud an Aontais, ar forléargas é a nuashonraítear go rialta, ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na Treorach seo. Áireofar san fhorléargas an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

2. Gan dochar do Threoir 2003/4/CE[39], déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí chun rúndacht na faisnéise a gheofar i gcur chun feidhme na Treorach seo a chosaint.

*Airteagal 10d*

**Cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe féideartha**

1. Déanfaidh an Coimisiún bealach tuairiscithe seachtrach ar líne rúnda a fhorbairt agus a chothabháil chun tuarascálacha a fháil, de réir bhrí Threoir (AE) 2019/1937[40] maidir le sáruithe féideartha ar an Treoir seo agus déanfaidh sé na tuarascálacha sin a tharchur chuig an mBallstát nó chuig na Ballstáit lena mbaineann.

2. Na húdaráis inniúla náisiúnta a gheobhaidh tuarascálacha ar sháruithe ar an Treoir seo, arna gcur isteach ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh siad aiseolas agus go ndéanfaidh siad obair leantach maidir leis na tuarascálacha sin i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1937.

3. Féadfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm Airteagail 14 go 22, 35, agus 36, chomh maith le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/1725[41] for the data subjects who are part of or mentioned in th a shrianadh do na hábhair sonraí atá ina gcuid den tuarascáil, nó atá luaite sa tuarascáil, a cuireadh isteach ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1 agus nach ionann iad agus na hábhair sonraí a bhfuil an tuarascáil sin á cur isteach acu. Ní bheidh feidhm ag an srian sin ach amháin ar feadh na tréimhse is gá chun go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát imscrúdú ar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2.';

(16) Scriostar Airteagal 11;

(17) Scriostar Airteagal 12;

(18) Cuirtear isteach an tAirteagal 12a seo a leanas:

---

39 Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n- aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle (IO L 41, 14.2.2003, lch. 26).

40 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

41 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*'Airteagal 12a*

**Meastóireacht agus athbhreithniú**

1. Faoin *[OF: Cuir isteach dáta: cúig bliana ó dháta thrasuí na Treorach leasaithigh seo]*, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo. Beidh an mheastóireacht bunaithe ar an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) an taithí a fuarthas le linn chur chun feidhme na Treorach seo; agus

   (b) an fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 10a agus an forléargas uile-Aontais arna sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 10c.

2. Mar chuid den athbhreithniú, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht go ndéanfaí modhnú ar raon feidhme na Treorach seo, más iomchuí, i bhfianaise, i measc eilimintí eile, na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le truailliú aeir ó longa atá faoi réir rialú Marpol 73/78, go háirithe astaíochtaí ocsaíde sulfair agus ocsaíde nítrigine ó longa, agus i bhfianaise caighdeán eile lena rialaítear sceitheadh ó longa a cuireadh faoi réir rialú Marpol 73/78, amhail carbón dubh, bruscar muirí, cailliúint coimeádán, cailliúint millíní plaisteacha agus torann faoi uisce.'

(19) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

*'Airteagal 13*

**Nós Imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a Chosc (COSS), arna bhunú le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002[42], cúnamh don Choimisiún. Beidh COSS ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[43].

2. I gcás ina ndéantar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus ag Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002.';

(20) Scriostar Airteagal 14;

(21) Scriostar Airteagal 15;

(22) Scriostar an t-aon Iarscríbhinn;

(23) Déantar téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn I;

(24) Déantar an téacs a a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo a chur isteach mar Iarscríbhinn II.

---

42 Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus le truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1).

43 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Airteagal 2*

**Trasuí**

1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a ghlacadh agus a fhoilsiú, faoin *[OF: Cuir isteach dáta:* bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo agus aon leasú nó leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

**Cur i bhfeidhm Threoir 2009/123/CE**

Maidir le sáruithe ar ceart a mheas gur cionta coiriúla de bhun Threoir 2005/35/CE[44] arna leasú le Treoir 2009/123/CE iad agus leis na pionóis chomhfhreagracha, beidh na Ballstáit nach bhfuil faoi cheangal Threoir (AE) 2023/xxx fós faoi cheangal Threoir 2005/35/CE arna leasú le Treoir 2009/123/CE.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

**Seolaithe**

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

---

[44] IO L xxxx

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ‘GNÍOMHAIREACHTAÍ'

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n- áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

| |
|---|
| Soghluaisteacht agus Iompar – Sábháilteacht Mhuirí |

### 1.3. Baineann an togra le

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[45]

☑ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **cumas birt amháin nó níos mói dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

| |
|---|
| Is é an cuspóir ginearálta lena leasaítear Treoir 2005/35/CE a áirithiú go mbeidh daoine atá freagrach as sceitheadh substaintí truaillithe isteach san fharraige faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha, chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht mhuirí agus chun feabhas a chur ar chosaint na muirthimpeallachta ar thruailliú ó longa. Cuireann an t-athbhreithniú le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 14 ('Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe') agus SFI 3 ('Beatha shláintiúil a áirithiú agus dea-bhail a chur chun cinn do chách ag gach aois'), agus lena fhorálacha maidir le hionchúiseamh ar SFI 16 ('Ceartas síochána agus institiúidí láidre'). |

*1.4.2. Cuspóir(í) sonrach(a)*

| |
|---|
| Is iad seo a leanas cuspóirí sonracha an athbhreithnithe:<br><br>Caighdeáin idirnáisiúnta a ionchorprú i ndlí an Aontais tríd an Treoir a ailíniú leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol) maidir le sceitheadh isteach san fharraige.<br><br>Tacú leis na Ballstáit trí fhorbairt a dhéanamh ar a gcumas teagmhais truaillithe a bhrath, fianaise a fhíorú agus a bhailiú agus pionós a ghearradh go héifeachtach ar chiontóirí aitheanta ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe.<br><br>A áirithiú go mbeidh daoine (daoine nádúrtha agus daoine dlítheanacha) atá freagrach as sceitheadh neamhdhleathach ó longa faoi réir pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha;<br><br>Simpliú agus tuairisciú éifeachtach maidir le teagmhais truaillithe ó longa agus gníomhaíochtaí leantacha a áirithiú. |

[45] Mar a thagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar ba cheart a bheith ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Meastar go bhfeabhsófar leis an togra seo éifeachtacht na bpionós agus go mbeidh cothroime iomaíochta mar thoradh air trí phionóis chomhchuibhithe agus chomhréireacha agus leibhéil na bpionós atá ard go leor chun sceitheadh neamhdhleathach a dhíspreagadh a áirithiú.

Táthar ag súil go mbeidh feabhas foriomlán ar éifeachtacht an fhíorúcháin a dhéanann údaráis na mBallstát mar thoradh ar an togra seo agus, ar an dóigh sin, go méadófar cion na gciontóirí a shainaithneofar, chomh maith leis an tuairisciú ar chur chun feidhme na Treorach a shimpliú agus a fheabhsú.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an méid atá bainte amach.*

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, i ndáil le cuspóir sonrach Uimh. 1, bunaithe ar líon na sáruithe maidir le hola, substaintí leachtacha díobhálacha, earraí pacáistithe, camras, bruscar agus iarmhair sciúrthóirí a a dhiúscaítear ó longa agus bunaithe ar an méid uaireanta a bhraifear iad.

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, i ndáil le cuspóir sonrach Uimh. 2, bunaithe ar líon na bhfíoruithe in aghaidh an Bhallstáit (leibhéal fíorúcháin), ar líon na gciontóirí arna sainaithint mar thoradh ar fhíorú (truaillitheoirí sainaitheanta), ar líon na bhfógraí ó sceithirí agus ar mhéid oiliúna agus cheardlanna EMSA.

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, i ndáil le cuspóir sonrach Uimh. 3, bunaithe ar leibhéil na bhfíneálacha airgeadaíochta a fhorchuirfear agus ar na cineálacha pionós a fhorchuirfear.

Cinnfear éifeachtacht na Treorach atá beartaithe, i ndáil le cuspóir sonrach Uimh. 4, bunaithe ar líon na nuashonruithe in aghaidh an Bhallstáit san uirlis tuairiscithe, ar mhéid an sceite ó longa a thaifeadfar san uirlis tuairiscithe in aghaidh an Bhallstáit agus ar líon na n-amharc/na gcuairteanna ar an suíomh gréasáin poiblí.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ceanglófar ar EMSA seirbhísí faireacháin satailíte breise a bhunú d'údaráis na mBallstát mar gheall ar an leathnú ar raon feidhme na Treorach agus seirbhís CleanSeaNet a uasghrádú chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar na truailleáin agus iad a bhrath ar bhealach níos fearr. Beidh ar EMSA oiliúint a fhorbairt agus doiciméid treorach a fhorbairt, agus beidh orthu iad nuashonrú go rialta. Forbróidh sé freisin bealach tuairiscithe seachtrach do sceithirí, chun faisnéis a chur isteach maidir le sceitheadh neamhdhleathach féideartha agus chun feabhas a chur ar na Seirbhísí Muirí Comhtháite. Ceanglófar ar EMSA freisin uirlis tuairiscithe nua a fhorbairt agus a chothabháil ionas go dtabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar gach teagmhas truaillithe ó longa, chomh maith le suíomh gréasáin a fhorbairt chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi thruailliú ó longa.

Ar an iomlán, beidh gá le 9 FTE chun tacú le soláthar na seirbhísí faireacháin satailíte breise agus 3 FTE breise chun tacú le forbairt na Seirbhísí Muirí Comhtháite. Astu sin, beidh gá le 1 FTE sa chéad CAI eile.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante)

Le cuir chuige éagsúla náisiúnta cuirtear bac ar chomhar éifeachtúil na mBallstát agus is féidir le ciontóirí pionóis a sheachaint mar gheall orthu. Mar gheall ar leochaileacht níos airde roinnt réigiún agus acmhainneacht éagsúil na mBallstát maidir le cásanna truaillithe ó longa a fhíorú agus a ionchúiseamh, tá gá le beart ón Aontas, go háirithe le bearta tacaíochta tionlacain ó uirlisí digiteacha comhchoiteanna EMSA. I bhfianaise chineál idirnáisiúnta an iompair mhuirí, is léir go bhfuil gá le creat trasteorann lena n-áiritheofaí cóir chomhionann d'oibreoirí long gan beann ar an áit ar tharla an teagmhas truaillithe.

An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (ex post)

Áirithítear le gníomhaíocht AE cothrom na Féinne agus éascaítear leis fíorú náisiúnta, agus ionchúiseamh chomh maith le forfheidhmiú trasteorann as a dtiocfaidh pionóis níos athchomhairleacha. Le gníomhaíocht AE déanfar foráil maidir le breisluach soiléir maidir le truailliú ó longa a chomhrac lena mbaineann gné thrasnáisiúnta de ghnáth i gcomparáid leis na gnéithe is féidir le Ballstáit a bhaint amach astu féin. Le soiléiriú breise ar chóras dliteanais an Aontais agus faireachas satailíte feabhsaithe lena gcumhdaítear níos mó cineálacha truailleán a bhuí le raon feidhme leathnaithe na Treorach i gcomhréir le Marpol, táthar ag áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit na hoibleagáidí chun feidhme ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Bhí uirlisí EMSA éifeachtach agus tairbheach do na Ballstáit i gcomhthéacs cuspóirí na Treorach a bhaint amach. Chuidigh an faireachas méadaithe satailíte le feabhas a chur ar bhrath an sceite neamhdhleathaigh, agus go hindíreach, le cosc a chur ar thruailliú na muirthimpeallachta ó longa. I ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir, áfach, agus maidir lena cuspóir, bíodh is go raibh siad leordhóthanach, níor baineadh amach go hiomlán iad, agus tá a raon feidhme teoranta.

D'éirigh le cur chun feidhme sheirbhís CleanSeaNet, uirlis faireachais satailíte, ach ba cheart í a fhorbairt tuilleadh chun raon feidhme leathnaithe na Treorach a chumhdach.

Léirítear torthaí na meastóireachta ex post sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an tionscnamh seo mar a achoimrítear i dTábla 5.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is príomhsprioc insoláthartha é an t-athbhreithniú atá beartaithe den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, ina leagtar amach fís an Aontais do chóras iompair níos inbhuanaithe amach anseo. Fógraíodh leis an straitéis go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún athbhreithniú mór a thionscnamh ar an reachtaíocht atá ann cheana, lena n-áirítear an truailliú ó longa in 2022 (faoi Thionscnamh Suaitheanta 2 - Aerfoirt agus calafoirt astaíochtaí nialasacha a chruthú). Cuirfí feabhas leis sin

ar cháilíocht an aeir go háitiúil agus ar an dóigh sin cuirfidh sé le sláinte níos fearr na gcónaitheoirí in aice láimhe.

Cruthófar leis an athbhreithniú atá beartaithe sineirgí le píosaí eile de chreat rialála an Aontais, go háirithe Treoir (AE) 2019/883 maidir le saoráidí glactha calafoirt, Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil, Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh, Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt agus Treoir 2009/18/CE maidir le himscrúdú ar thionóiscí.

Tá an togra comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha, cé go mbeidh gá le hathchlárú a dhéanamh faoi Cheannteideal 1 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht bhliantúil le EMSA (fritháireamh buiséadach trí laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi Iompar CEF (02 03 01). Tá tionchar buiséadach an togra reatha san áireamh cheana féin sa bhuiséad don Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athdháileadh a dhéanamh*

Tagraíonn tionchar buiséadach an tionscnaimh seo do na hacmhainní breise is gá chun seirbhísí faireacháin satailíte breise a bhunú d'údaráis na mBallstát trí uasghrádú a dhéanamh ar sheirbhís CleanSeaNet, trí oiliúint agus treoir a sholáthar, trí uirlis tuairiscithe nua a fhorbairt agus a chothabháil, trí fhorbairtí breise a dhéanamh ar na Seirbhísí Muirí Comhtháite chomh maith le suíomh gréasáin nua chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi thruailliú ó longa, agus na cúraimí gaolmhara bailithe sonraí, faireacháin agus tuairiscithe faoin Treoir atá beartaithe. Is cúraimí nua iad sin do EMSA a thiocfaidh chun bheith ina gcúraimí buana, agus ní thiocfaidh aon laghdú ar na cúraimí atá ann cheana ná ní chuirfear deireadh leo go páirteach de réir a chéile.

Ní féidir freastal ar an ngá breise atá le hacmhainní daonna trí ath-imlonnú, agus comhlíonfar na riachtanais bhuiséadacha bhreise trí fhritháireamh a dhéanamh ar chláir atá ann cheana arna mbainistiú ag Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

Déanfar an méadú ar leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi Iompar CEF (02 03 01). Tá tionchar buiséadach an togra reatha san áireamh cheana féin sa bhuiséad don Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002.

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme lena bhfuil tréimhse tosaigh ó 2025,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[46]**

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

☐ comhlachtaí arna rialú le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Barúlacha

| |
|---|
| Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí de réir mar is iomchuí, an Treoir atá beartaithe a bhainistiú ar an iomlán.<br><br>Ceanglófar ar na Ballstáit forálacha na Treorach a thrasuí faoin spriocdháta faoi seach. |

[46] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Fíoróidh an Coimisiún agus/nó EMSA go bhfuil aiseolas maidir le foláirimh CleanSeaNet á sholáthar ag na Ballstáit in am agus i dtráth agus ar bhealach héifeachtach agus go ndéanfar faisnéis maidir le bailiú fianaise agus pionóis a uaslódáil ar an uirlis tuairiscithe go rialta. Forbrófar suíomh gréasáin de chuid an Aontais freisin ina mbeidh príomhtháscairí maidir leis an ráta cur chun feidhme agus an phríomhfhaisnéis neamhrúnda a nuashonrófar go rialta le sonraí ón uirlis tuairiscithe ionas go gcoinneofar an pobal ar an eolas maidir leis an gcur chun feidhme agus maidir le teagmhais truaillithe.

Ina theannta sin, tabharfaidh EMSA, thar ceann an Choimisiúin, cuairteanna ar na Ballstáit chun oibríochtaí ar an talamh a fhíorú. Sainaithneofar sna tuarascálacha um chuairteanna faoi seach aon easnaimh agus réimsí le feabhsú. Déanfaidh EMSA anailís chothrománach agus cúnamh teicniúil freisin, lena léireofar an dóigh a bhfuil an reachtaíocht ag feidhmiú agus lena sainaithneofar bearnaí agus cad is féidir a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu, agus tuairisceoidh sé don Choimisiún agus do na Ballstáit.

Déanfaidh an Coimisiún, i ngrúpa saineolaithe, gníomhartha cur chun feidhme agus treoirlínte léirmhínitheacha a fhorbairt chun cur chun feidhme comhchuibhithe na mBallstát a áirithiú.

### 2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Beidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme agus as meastóireacht a dhéanamh ar a héifeachtúlacht agus as athbhreithnithe a mholadh nuair is gá. Tabharfaidh EMSA cúnamh don Choimisiún de réir mar is iomchuí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthar agus na huirlisí TF is gá chun forálacha tuairiscithe, faireacháin agus fíoraithe na Treorach atá beartaithe a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint a eagrú. Ceanglófar ar na Ballstáit trasuí na Treorach ar a reachtaíocht náisiúnta a dhéanamh faoin spriocdháta a luaitear sa Treoir. Ceanglófar ar na Ballstáit freisin forfheidhmiú a dhéanamh, go háirithe trí phionóis riaracháin a chur i bhfeidhm i gcásanna neamhchomhlíonta. Féadfar gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar chuid de chigireachtaí atá ann cheana, go háirithe le linn Rialaithe Stáit ar Chalafoirt.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cé go mbeidh an Coimisiún freagrach ar an iomlán as an Treoir atá beartaithe a chur chun feidhme agus as meastóireacht a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus ar an gcomhlíonadh, beidh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí freagrach as feidhmiú a hoibríochta agus as cur chun feidhme a creata rialaithe inmheánaigh. Ceanglófar air uirlisí agus modúil TF a fhorbairt, chomh maith le hoiliúint a sholáthar d'údaráis na mBallstát, agus ceanglófar ar na Ballstáit forfheidhmiú a dhéanamh.

Is é EMSA an áit is fearr le tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar chúraimí um chomhlíonadh, toisc gur obair theicniúil a bheidh i gceist leis sin, rud a éileoidh saineolas

láidir i mbainistiú sonraí, chomh maith le tuiscint chuimsitheach ar ábhair theicniúla chasta a bhaineann le sceitheadh neamhdhleathach agus truailliú ó longa.

Is iad na Ballstáit is fearr atá ábalta forfheidhmiú na Treorach atá beartaithe a chur i gcrích, go sonrach, ar bhealach comhchuibhithe trí fhaisnéis agus trí thaithí a mhalartú agus trína bhfreagrachtaí mar pháirtithe in Marpol a chomhlíonadh.

Cuirfidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair na rialuithe riachtanacha i bhfeidhm i gcomhréir leis an straitéis um mhaoirseacht a glacadh in 2017 maidir le caidreamh na hArd-Stiúrthóireachta le gníomhaireachtaí díláraithe agus le Comhghnóthais. Faoin straitéis, déanann Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair faireachán ar tháscairí feidhmíochta maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, na moltaí iniúchóireachta agus cúrsaí riaracháin. Cuireann an Ghníomhaireacht tuarascáil ar fáil ar bhonn débhliantúil. Tá na rialuithe a dhéantar ar mhaoirseacht na Gníomhaireachta agus ar an mbainistiú airgeadais agus buiséadach gaolmhar i gcomhréir le Straitéis Rialaithe Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, arna nuashonrú in 2022.

Cumhdófar na hacmhainní breise a chuirfear ar fáil do EMSA le córas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca EMSA atá ailínithe leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus lena n-áirítear rialuithe sonracha chun coinbhleacht leasa a chosc agus lena áirithiú go gcosnófar sceithirí.

2.2.3. *Meastachán ar chost- éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Faoin Treoir atá beartaithe, soláthrófar maoiniú breise do EMSA, a bheidh ag forbairt uirlisí agus modúil TF, chomh maith le hoiliúint a sholáthar d'údaráis na mBallstát.

Tá freagracht iomlán ar ESMA as a mbuiséad a chur chun feidhme, agus tá Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair freagrach as na ranníocaíochtaí arna mbunú ag an Údarás Buiséadach a íoc go rialta. Is ionann an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis ar íocaíocht agus ar dhúnadh agus an leibhéal a ghabhann leis na fóirdheontais bhuiséid a sholáthraítear don Ghníomhaireacht.

Na cúraimí breise a eascraíonn as an athbhreithniú atá beartaithe, ní mheastar go gcruthófar rialuithe sonracha breise leo. Dá bhrí sin, táthar ag súil go meidh an costas rialaithe le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (arna thomhas i gcomparáid le luach na gcistí a bhainistítear) cobhsaí i gcónaí.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Rialaítear leis an Treoir atá beartaithe cosc ar thruailliú agus dá bhrí sin ní chuirtear aon bhearta sonracha frithchalaoise san áireamh.

Cuireann ESMA prionsabail frithchalaoise na nGníomhaireachtaí AE díláraithe i bhfeidhm, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin. I mí an Mhárta 2021, ghlac an Ghníomhaireacht Straitéis nuashonraithe Frith-Chalaoise, bunaithe ar an modheolaíocht agus ar an treoir maidir le straitéis frith-chalaoise a chuir OLAF i láthair chomh maith le Straitéis Frith-Chalaoise Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair. Soláthraítear léi creat lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le cosc, brath agus coinníollacha le haghaidh imscrúduithe calaoise ar leibhéal na Gníomhaireachta. Déanann EMSA a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a oiriúnú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun an leibhéal is airde sláine d'fhoireann EMSA a chur chun cinn, chun tacú le riosca calaoise a chosc agus a bhrath go héifeachtach agus chun na nósanna imeachta iomchuí a bhunú chun cásanna calaoise féideartha agus a dtoradh a thuairisciú agus a láimhseáil. Ina theannta sin, ghlac EMSA a bheartas um Choinbhleacht Leasa don Bhord Bainistíochta in 2015.

Comhoibríonn EMSA le seirbhísí an Choimisiúin maidir le hábhair a bhaineann le calaois agus neamhrialtacht a chosc. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfar leis an gcomhar sin agus go neartófar é.

Cuimsítear sa Treoir atá beartaithe rialacha soiléire mionsonraithe maidir leis an bhforfheidhmiú dlíthiúil chun a áirithiú nach rachaidh oibreoirí eacnamaíocha timpeall ar na hoibleagáidí inti. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh bearta iomchuí i bhfeidhm chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus, má bhraitear neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí, trí fhógra a thabhairt ina leith.

Déanfaidh an Coimisiún bearta iomchuí freisin chun rúndacht na faisnéise a gheofar maidir le cur chun feidhme na Treorach seo a chosaint agus foilseoidh sé iad.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Difréailte/neamhdhifreáilte[47]. | ó thíortha de chuid CSTE[48] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí | Ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |

[47] Difreáilte = Leithreasuithe difreáilte / Neamhdhifreáilte = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[48] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

| | | | | ionchasach a[49] | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 02 10 02 | Neamhdhifreáilte | IS EA | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid a iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | Difréailte/neamhdhifreáilte | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam eile atá sannta |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

49 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha is iarrthóirí ionchasacha ó na Balcáin Thiar.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar an gcaiteachas*

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha |
|---|---|---|

| An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) | | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 0.513 | 1.881 | 1.881 | 14.364 | **18.639** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0.513 | 1.881 | 1.881 | 14.364 | **18.639** |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | | |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3a) | 6.450 | 7.050 | 7.250 | 46.650 | **67.400** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 6.450 | 7.050 | 7.250 | 46.650 | **67.400** |
| **IOMLÁN leithreasuithe do EMSA** | Gealltanais | =1+1a +3a | 6.963 | 8.931 | 9.131 | 61.014 | **86.039** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 6.963 | 8.931 | 9.131 | 61.014 | **86.039** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **Iomlán** <…….> | Leithreasuithe AS | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 6.963 | 8.931 | 9.131 | 61.014 | **86.039** |
| | Íocaíochtaí | 6.963 | 8.931 | 9.131 | 61.014 | **86.039** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ESMA*

– ☑ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Éilítear leis togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliúin (go dtí an trí ionad de dheachúlacha)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[50] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[51]... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán le haghaidh chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

50 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

51 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | |

Nuair is infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

*3.2.3. An tionchar measta ar acmhainní daonna ESMA*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Méideanna in EUR milliúin (go dtí 3 ionad de dheachúlacha) Nuair is infheidhme, léirítear leis na figiúir suim ranníocaíocht an Aontais leis an ngníomhaireacht agus ioncam eile na gníomhaireachta (táillí agus muirir).

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne shealadacha (Gráid AD) | 0.428 | 1.539 | 1.539 | 11.97 | 15.476 |
| Baill foirne shealadacha (gráid AST) | 0.086 | 0.342 | 0.342 | 2.394 | 3.164 |
| Baill foirne ar conradh | | | | | |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.514** | **1.881** | **1.881** | **14.364** | **18.64** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo. Riachtanais foirne (FTE):eanglais foirne (FTE):

| | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **2028-2034** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| Baill foirne shealadacha (Gráid AD) | 5 | 9 | 9 | 10 | **10** |
| Baill foirne shealadacha (gráid AST) | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| Baill foirne ar conradh | | | | | |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | | | | | |
| **IOMLÁN** | **6** | **11** | **11** | **12** | **12** |

Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo.

Tosóidh EMSA ag ullmhú na earcaíochta a luaithe a ghlacfar an togra. Meastar na costais bunaithe ar an toimhde go n-earcófar an 6 FTE amhail an 1 Iúil 2025. Mar sin ní theastaíonn ach 50 % de na costais AD don chéad bhliain.

3.2.3.2. Na riachtanais acmhainní daonna a mheastar a bheidh ag an máthair-Ard-Stiúrthóireacht

– ☑ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí 1 aonad de dheachúlacha ar a mhéad)*

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[52]** | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid/línte buiséid (sonraigh) [53] | - sa Cheanncheathrú[54] | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| **01 01 01 02** (CA, INT, SNE – taighde indíreach) | | | | | | | | |

52 Baill foirne ar conradh AL = Ball Foirne Áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

53 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

54 Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ath-úsáideadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair FTE (coibhéis lánaimseartha) a bheith ar áireamh i roinn 3 d'Iarscríbhinn V.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☑ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Éileofar leis cúraimí a leithdháilfear ar EMSA athchlárú na líne buiséid don ranníocaíocht bhliantúil leis an nGníomhaireacht (02 10 02) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Déanfar an méadú ar leithreasuithe le haghaidh EMSA a fhritháireamh le laghdú cúiteach ar chaiteachas cláraithe faoi Iompar CEF (02 03 01) faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Is forléargas táscach é an tionchar ar an mbuiséad i ndiaidh CAI reatha, gan dochar do Chomhaontú CAI amach anseo. |

– ☐ Teastaíonn ón togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[55].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamhmheasta thíos:

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

55 Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ má tá an tioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliún (go dtí trí ionad de dheachúlacha)

| Líne bhuiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Teideal an togra/tionscnaimh[56] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a nimreofar tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

[56] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.